

Blondie

Dráma as an Tuaisceart

le

Gabhán Ó Fachtna



“Es gab auch Brandstellen”
— Ludwig von Tieck, *Der blonde Eckbert*

Na Carachtair

Aintín

Tuairim agus 55 bliana d'aois. Tá gruaig liath uirthi atá réasúnta fada fós. Caitheann sí scairf dhathannach um a muineál.

Alan

Fear beag liath a chaitheann bléasar. Tá cuma na meánaicme air agus croiméal néata aige. Tá a ghnúis beagáinín dearg. Thig leis an aisteoir seo ról an fhir neamhaithnid a imirt fosta.

Athair

Is fear mór é, rud beag ramhar. Ní bhreathnaíonn sé ró-ghlan, rud atá le feiceáil go háirithe ina chuid gruaige. Níl sé bearrtha ró-mhaith ach oiread. Caitheann sé léine stríocach agus crios ar sileadh.

Blondie

Fear mór sláintiúil atá ann, le gruaig fhionn nach mbreathnaíonn ró-nádúrtha. Níl sé soiléir an bhfuil sé tríocha fós. Caitheann sé T-léine thurcaidghorm le patrún gealta uirthi de ghnáth, léine má bhíonn sé ag obair nó má bhíonn a thuismitheoirí ann.

Fionn

Bean bheag thanaí atá inti. Tá gruaig dhubh uirthi. Caitheann sí culaith reatha nuair a bhíonn sí ag scríobh nó ag glanadh an tí, sciorta ar ócáidí foirmiúla. Mar chailín, caitheann sí gúna bán le ribíní bándearga.

Máthair

Tá sí níos óige ná daichead, cé go mbíonn cuma throchailte uirthi ó am go ham. Tá sí glan agus slachtmhar. Caitheann sí cóta mór dubh. Nuair a bhaineann sí di é, is léir go bhfuil a lámha cineál matánach trí a bheith ag obair sa teach.

Nicola

Bean mheánaosta den mheánaicme í. Tá sí an-tanaí agus neirbhíseach. Caitheann sí éadaí dearthóra.

Pól

Stócach, ard ach tanaí. Tá gruaig dhubh air, beagán níos giorra ná stíl na seascaidí, toisc gur oibrí láimhe é. Caitheann sé dungaraí nuair a thagann sé ar ais ón obair.

Réamhscéal

Tá an t-ardán go hiomlán dorcha. Tagann fear mór neamhaithnid ionsorainn, eisean gléasta mar bhall den *Ulster Resistance* le bairéad dearg ar a cheann. Caitheann sé spéaclaí dorcha. Tá an brat ar a chúl.

Fear: Bhuel, a dhaoine uaisle. Tá sé beagnach déanta againn anois. Gheobhaidh muid réidh leo fós, an bruscar sin. Och, tá a fhios agam go bhfuil cúpla duine de na polaiteoirí dóchasach fós, cibé brí atá leis sin, ach mar sin féin, ní bhíonn siad dóchasach ach ar an teilifís. Tá na rothaí ag tiontú anois. An bhfuil a fhios agaibh? — is cuimhin liom nuair a bhí muid ag rith tríd an cheantar Caitliceach an t-am úd. Seachtó-ceathair? Nó arbh é '75 é? Bhí sráid amháin ar an teorainn idir sinn agus na *Taigs*. Dhóigh muid achan teach sa tsráid sin. B'obair chrua é. Achan teach. Agus nuair a chonaic mé saothar an lae sin ar an teilifís cúpla bliain ina dhiaidh sin, bhí na brící ina luí ar gach taobh den tsráid go díreach mar a bheimis i ndiaidh na créatúir a bhuamáil ón aer. Mí lúil a bhí ann, agus chaith mé an pharáid ar fad a smaoinemh faoi, agus mise ag déanamh mo dhíchill ag drumadóireacht. Ba é an chéad uair a chonaic mé an tsráid sin i solas an lae ar theilifís dhaite. Thug an t-Urramach seanmóir mhaith. Ag caint faoi Mhaois a bhí sé. Bhí an Mhuir Dhearg oscailte aige le cuidiú Dé, agus bhí sé in ann a phobal a tharrtháil ó na hÉigiptigh. Nuair a bhí siad imithe, dhruid an mhuir aríst. Dhruid sí ar chinn na saighdiúirí. Agus smaoinigh mé ar an tsráid sin aríst, ar bhrící na dtithe, agus iad oscailte mar mhuir dhearg romhainn. Bhí an mhuir oscailte lenár dtarrtháil. Bhí ár naimhde scaipthe ... scaipthe ... scaipthe.

Láthair 1

Tí Fhionnghuala agus Blondie. Tá teach fairsing aerach acu. Is féidir cúpla crann a fheiceáil tríd an fhuinneog. Tá an ghrian ag soilsiú. Tá patrún bláthanna ar an tolg a chuireann na plandaí amuigh i gcuimhne duit. Tá tábla caife le huachtar gloine roimhe. Ar an lámh chlé den seomra suite, tá an seomra bia. Tá tábla mór giúise acu ann atá úrnua agus ró-ghlan le bheith tuathúil i gceart. Tá an chistin ar chúl an tseomra bia. Ní féidir linn ach píosa beag di sin a fheiceáil mar gheall ar na scáthláin *louvre* a dheighleann an seomra bia uathí. Tá scáthláin eile idir an seomra suite agus an seomra bia, ach tá siad oscailte faoi láthair.

Fionn: *(ina seasamh os comhair an chócaire)* Ó mo chreach, tá an t-anlann á dhó ar thóin an phota. A Blondie, nár 'úirt mé leat gur cheart duit súil a chaitheamh ar an bhia nuair a bhí mé ag cur mo chuid éadaigh orm thuas an staighre?

Blondie: *(ina shuí ar an tolg, páipéar nuachtáin ina lámh aige, cuma dhúnárasach air)* Ar 'úirt, a stóirín? *(cuireann sé an nuachtán ar an tábla caife go dearmadach)*

Fionn: *(ag teacht isteach chuige)* Dúirt, ach cha dearn tú é, agus féach cad é a tharla. *(cuireann sí an pota ar an nuachtán)*

Blondie: Breathnaíonn sé ceart go leor domhsa.

Fionn: Amadáin fir! Sibhse an fáth a mbíonn an oiread sin timpistí agam sa chistin.

Blondie: *Hey*, fan bomaite. Chuir tú anlann ar bhainisteoir Rangers.

Fionn: *(ag dul ar ais sa chistin)* Cuirfidh mé anlann thar do chloigeann mura ndruidéann tú do bhéal.

Blondie: *(leis féin, cuma dhíomách ar nós na hamharclainne air)* Agus ar Anna na leadóige fosta, cé nach ndéarfaidh mé é sin leat.

Fionn: Cad é?

Blondie: A dhath, a stóirín.

Fionn: Níl a fhios agam cén fáth a ndéanaim é seo. Fanann tusa i do shuí, agus déanaim-se mo dhícheall béile a ullmhú ar son do thuismitheoirí.

Blondie: Bhí mise ag obair inniu. Ní féidir le achan duine a bheith ina léachtóir ollscoile leis na laethanta saoire gan teorainn cosúil leatsa.

Fionn: Ní bheifeá-sa ábalta ar aon nós. Bhuel, bhí mise an-ghnóthach inniu. Ghlan mé an teach. Chuir mé achan rud ina áit cheart.

Blondie: Thug mé é sin faoi deara. Ní raibh mé in ann mo léine a aimsiú.

Fionn: Agus thosaigh mé a scríobh shraith léachtaí don chéad téarma eile.

Blondie: Tá tú cineál luath, nach síleann tú?

Fionn: Tá muid ag dul chun na Spáinne i gceann coicise. An ndearna tú dearmad de sin? Agus cad é a rinne tusa, an fear gnó, ar an obair inniu, tusa atá ag obair ar son chomhlacht Dhaidí?

Blondie: Ní raibh mórán ar siúl againn, ar ndóigh.

Fionn: *Huh!* Níl a fhios agam cén fáth ar phós mé thú. Mar gheall ar d'airgead, is dócha.

Blondie: Mar gheall ar an ghnéas te.

Fionn: *(stadann sí den chócaireacht go ceann soicinde. Tá miongháire cumhach ar a beola)*

Blondie: An bhfuil a fhios agat, a Fhionnghuala? Rith sé liom inniu go dearn mé meancóg ollmhór nuair a phós mé ortsa. Is léachtóir Léann na mBan thú, ach ba cheart domh léachtóir staire a phósadh. Bhí na mná i bhfad ní ba dhea-bhéasaí sa 19ú haois.

Fionn: *(ag teacht isteach chuige aríst)* 'Nois, tá sé déanta *(Suíonn sí síos ar an tolg in aice leis)*. Níl orainn anois ach fanacht go dtige do thuismitheoirí.

Blondie: *(ag múscailt)* Cén t-am é, a stóirín?

Fionn: Tá sé leath i ndiaidh a sé.

Blondie: Tá sé ina lá go fóill.

Fionn: Sin an samhradh duit.

Blondie: *Em,* nuair a bhíonn sé mar seo ...

- Fionn:** *Hmm?*
- Blondie:** Mar seo, nuair a bhíonn na laethanta brothallacha ann agus mar sin de ...
- Fionn:** Cad é?
- Blondie:** Nach n-éiríonn tú beagáinín ... bhuel, *macnasach?*
- Fionn:** *(ritheann sé léi go tobann cad e atá uaidh)* Níl ach 20 bomaite againn, agus níl mé ag dul a bhaint an ghúna seo díom aríst! Ar aon nós, bíonn siad ró-luath i gcónaí.
- Blondie:** Ní gá duit é a bhaint díot.
- Fionn:** Ó, is ea, mo ghúna maith! Do thuismitheoirí anseo agus mise ag dul thart cosúil le Monica Lewinsky!
- Blondie:** Is féidir linn a rá leo gurbh é anlann a bhí ann.
- Fionn:** *(gáireann sí agus cuireann a lámha thar a mhuineál)* Mo rún go daingean thú. *(imríonn sí lena chuid gruaige)* Beidh am againn nuair a bheas Nicola agus Alan imithe.
- Blondie:** *(ag breathnú suas uirthi)* An bhfuil a fhios agat, a Fhionnghuala? — Tá mé i ngrá leat, chomh láidir agus a bhí mé riamh.
- Fionn:** Tá a fhios agam. Cé nach bhfuilimid pósta ach bliain go leith.
- Blondie:** Tá tú ró-chiniciúil. Tusa mo *big brown fish*.
- Fionn:** *(iontas uirthi)* Cad é?
- Blondie:** Tusa mo *big brown fish*. *Maroon shark*— an dtuigeann tú?
- Fionn:** *(Ligeann sí cnead aisti)* Caithfidh nach raibh mórán oibre agaibh ar chor ar bith inniu. Cogar, an gcluineann tú rud inteacht? Sin an carr ag teacht thar an chabhsa. Tá siad ró-luath, mar is iondúil. Sin seandaoine duit. Chaithfidís na céadta bliain ar an leithreas agus

tusa ag pléascadh, ach nuair a bhíonn am de dhíth ort le dinnéar a ullmhú, cad é a dhéanann siad ansin? (*amharcann sí thart*) An bhfuil gach aon rud réidh?

Blondie: Cinnte. Bhí tusa i mbun na hoibre, a stóirín.

Fionn: Is cuma liomsa do bhladar. Beidh tusa ag cócaireacht an chéad bhabhta eile, fiú más *chile con carne* é don fhichiú uair i ndiaidh a chéile. (*breathnaíonn sí ar an tábla caife*) Féach air sin! Cad é a rinne tú leis an tábla?

Blondie: Cad é atá cearr leis an tábla?

Fionn: Cad é atá ceart leis? Níl a fhios agam cad é mar is féidir leat a bheith i do chónaí sa salachar seo. Bhuel, caithfidh mise breathnú ar an dinnéar, nó gheobhaidh tú *brown fish* eile. Déan tusa é. Tá éadach thall sa choirnéal. Cuir an nuachtán damanta úd i bhfolach áit éigin. Agus ná déan dearmad den fhion.

Blondie: (*Sleamhnaíonn sé an nuachtán isteach faoin tolg. Téann sé chuig tábla beag sa choirnéal chun an t-éadach a fháil agus glanann an tábla caife go deifreach*)

(*Buailtear clog an dorais*)

Blondie: (*Téann sé chuig an bhealach isteach agus osclaíonn an doras*) A Mháthair, a Athair, tagaigí isteach.

Nicola: (*ag teacht isteach*) Tá tú ag breathnú go maith, a mhic.

Alan: (*ag magadh*) An iomarca am saoire ag an chomhlacht, sílim.

Blondie: Bhuel, cad é mar ba cheart domhsa táirgí nua áilleachta a chumadh? Ní bean mé.

Nicola: Ní bhíonn mná chomh difriúil sin uilig.

Alan: Sin an stuif ceart, a mhic. Fág ag na cailíní é. Beidh Fionnghuala in ann cuidiú leat.

- Blondie:** Níl spéis ar bith aici i dtáirgí áilleachta. Is bean nua í.
- Alan:** Och, bhuel. Níl siad de dhíth uirthi *(caochann sé súil dá mhac)*.
- Nicola:** A Alan, ní maith liom caint den chineál sin.
- Alan:** *(ag gáire mar dhéagóir)* Seo anois, cén fear nach ndéanfadh é sin?
- Blondie:** Suí síos, ar aon nós. Ó, rinne mé dearmad de bhur gcótaí. Tabhair domh iad. Sin an rud *(imíonn sé leo)*.
- (Tá Nicola agus Alan ina suí i gcathaoireacha uilleacha ar achan taobh den tolg. Tá spás mór eatarthu. Tostann siad)*
- Fionn:** *(ag teacht amach as an chistin)* A Nicola, a Alan. Nach deas go bhfuil sibh anseo.
- Nicola:** An-deas a bheith anseo, a Fhionnghuala.
- Alan:** Is iontach an suíomh é seo. Cé a shílfeadh go mbeadh mo mhac agus a bhean ina gcónaí amuigh ar oileán ar Loch Cuan? Tá sé rud beag rómánsach, nach bhfuil?
- Fionn:** Och, bhuel, tá sé ciúin, agus is mar sin a thaitníonn sé linn.
- Nicola:** Beidh sé go hiontach do na páistí, fosta, cé gur cheart daoibh fál a chur thar bhruach an oileáin ar eagla na heagla.
- Fionn:** Ní raibh muid ag smaoineamh air sin fós.
- Nicola:** Ar ndóigh, ach caithfidh tú am éigin. Beidh tú 36 an bhliain seo chugainn.
- Alan:** Ba cheart di spraoi a bheith aici i dtoiseacht báire. Sin an dearcadh 's agamsa.
- Nicola:** Seans nach bhfuil suim aici sa dearcadh 's agatsa.
- Blondie:** *(ag teacht ar ais)* 'Nois, a dhaoine uaisle, cad é a bheas agaibh?

- Alan:** An bhfuil an fíon bán curtha ar oighear agat?
- Blondie:** Tá, ar ndóigh.
- Alan:** Maith go leor. Tabhair é sin dod' mháthair, agus scriosfaidh muidne an buidéal dearg. Cad é a deir tú?
- Blondie:** An-mhaith ar fad. Cad é fútsa, a stóirín?
- Fionn:** Beidh mise ceart go leor faoi láthair *(suíonn sí síos ar an tolg)*.
- Blondie:** *(faigheann sé na deochanna agus suíonn síos in aice le Fionnghuala)*
- Nicola:** An bhfuil cabhair de dhíth ort sa chistin?
- Fionn:** Níl, go raibh maith agat. Tá achan rud réidh. An bhfuil ocras ort?
- Nicola:** Ó, ní raibh mé ag iarraidh rud ar bith a rá leis sin, ach éiríonn mo chosa cineál codlatach i ndiaidh domh turas fada a dhéanamh sa charr. Ní maith liom a bheith i mo shuí an t-am ar fad gan a dhath a dhéanamh *(breathnaíonn sí ar Alan go searbh)*.
- Fionn:** Cad é mar atá an saol?
- Alan:** Mar is ionduíl. Ní féidir gearán faoi. Tá an gnó ag dul ar aghaidh ceart go leor, ach beidh a fhios sin agat cheana féin *(féachann sé ar Blondie)*. Cogar, a Fhionnghuala, ar mhiste leat dá gcuirfinn an teilifiseán ar siúl go ceann soicinde leis an scór a chluinstin?
- Nicola:** A Alan!
- Blondie:** *(go himníoch)* Tá an ceart agat. Rinne mé dearmad de sin.
- Fionn:** *(breathnaíonn sí mí-shásta)*
- Alan:** Ná bí mar sin, a Fhionnghuala. Tá a fhios agat cad é mar a bhíonn fir *(Caochann sé súil di. Luíonn sé ar chnaipe ar an chianrialtán leis an teilifiseán a chur ar siúl)*.

Blondie: Och, *cá bhfuil sé?* Bastard rud! Níl an téacs ag obair i gceart ach oiread.

Fionn: *(iorónta)* Bhrisfeadh sé do chroí, nach síleann tú, a Nicola?

Alan: Múch é, a bhuachaill. Níl tú ach ag cur feirge ort féin. An bhfuil a fhios agaibh? — bhí mé ag caint le Ed Pearson ó Mhargaíocht inniu. Casadh sibh ar a chéile ag cóisir na Nollag.

Fionn: Sin ceart. Bhí sé millteanach. Tá súil agam gur 'úirt tú leis nár cheart dó an oiread sin a ól.

Alan: Dia dár sábháil! Bhí mise mar sin fosta, a pheata.

Nicola: Seans gurbh é sin a bhí á rá aici.

Alan: *(breathnaíonn sé ar Nicola, cuma bhodhraithe air)* Níl sibh ag éisteacht liom. Bhí mé ag caint le Ed. Agus an bhfuil a fhios agaibh cad é a dúirt sé liom? Dúirt sé "Is ceann de na lánúineacha iad a bhreathnaíonn cosúil lena chéile. Ní thugtar faoi deara é ar dtús mar gheall ar an ghruaig dhubh ar Nuala, ach tá an-chosúlacht ann, go háirithe um na súile." Agus i ndiaidh domh smaoineamh air ar feadh cúpla bomaite, b'éigean domh a admháil go raibh an ceart aige.

Nicola: Nach bhfuil sé sin go deas! *(miongháire bródúil ar a beola)*

Fionn: *(go tobann)* Tá sé gránna. Is fuath liom é sin. *(stad)* Ó, tá sibh uilig ag breathnú orm anois. Bhuel, is fuath liom é sin. Is fuath liom na lánúineacha meánaosta úd a fheictear ag dul thart i lár Bhéal Feirste tráthnóna Dé Sathairn agus na cultacha spóirt céanna orthu. Nó na daoine a thagann chuig na cóisirí sa chlub gailf leis na cótaí béasa. Tá siad chomh marbh sin! Is fuath liom é!

Nicola: *(iontas uirthi)* Ach nach síleann tú gur rud nádúrtha é go n-éiríonn daoine cosúil lena chéile agus iad in aontíos le chéile?

Fionn: Is rud nádúrtha é má fhaigheann siad bás istigh.

Alan: Ach, a Fhionnghuala. Ní raibh sé ag iarraidh ach rud deas a rá fút.

- Fionn:** Ní raibh sé ag iarraidh ach cic a thabhairt domh agus leithscéal a chumadh dó féin le míniú cén fáth nach raibh mé sásta dul chuig seomra na gcótaí leis.
- Alan:** An cantalóir! Cuirfidh mé amach as an doras é maidin Dé Luain.
- Fionn:** Fág é. Ní raibh sé ach á dhéanamh a ndéanann na céadta fear. D'ól sé an iomarca, agus d'éirigh sé beagán ... beagán ...
- Blondie:** *Macnasach. (i ndiaidh stad bhig)* A Dhia, caithfidh mé bualadh leis an tseachtain seo chugainn le feachtas poiblíochta nua a phlé.
- Fionn:** Beir ar do chiall, a stóirín. Mura bhfuil fadhb agamsa leis, ba cheart duitse a bheith ábalta cur suas leis.
- Blondie:** *(breathnaíonn sé ar an urlár go tostach)*
- Fionn:** *(amharcann sí thart)* Bhuel, déarfainn go raibh sé in am dúinn an bia a bhlaiseadh, nach síleann sibh?
- Alan:** *(go meidhreach)* M'intinn féin!
- (bogann siad go dtí an chistin agus suíonn síos, ach amháin Fionnghuala, a fhreastalaíonn orthu)*
- Nicola:** Tá boladh iontach ag an bhéile, a Fionnghuala.
- Alan:** Ní bhreathnaíonn sé chomh holc sin ach oiread. Rinne tú rogha chiallmhar nuair a phós tú ar Fionnghuala.
- Nicola:** Ní bhíonn na fir uilig mar sin, a Alan.
- Alan:** *(ag miongháire)* Ach amháin na fir chiallmhara.
- Fionn:** 'Nois, a dhaoine uaisle, ná fanaigí liomsa.
- Blondie:** *(ag magadh)* An síleann tú go raibh muid ag smaoineamh air sin?

- Fionn:** Druid do bhéal, nó cuir greim bia ann — níl ach an dá rogha agat, a bhuaichail.
- Nicola:** Tá sé seo go hiontach, a Fhionnghuala. Caithfidh tú insint domh cad é mar a rinne tú é.
- Blondie:** Le hallas a malaí. Sin an fáth a bhfuil an blas ait seo air.
- Alan:** *(gáireann sé)*
- Nicola:** An bhfaigheann tú an mothúchán nach bhfuil mórán measa acu orainn, a Fhionnghuala?
- Fionn:** Achan lá, a Nicola, achan lá *(suíonn sí síos)*.
- Alan:** I ndáiríre, tá mór-éacht déanta agat, a stóirín.
- Blondie:** Dáiríre píre.
- Fionn:** *(pléascann sí ag gáire)* A Dhia, ní féidir liom ithe anois.
- Alan:** Ach níl muid ag magadh an iarraidh seo. Tá sé go hiontach.
- Fionn:** *(ag labhairt le deacracht toisc go bhfuil sí ag gáire fós)* Tá a fhios agam. Sin an fáth a bhfuil sé chomh greannmhar sin.
- Blondie:** Ná bac léi, a Dhaidí. Ní thuigim ar chor ar bith í. Bhí muid ag dul in éineacht le trí mhí sula raibh mé in ann a hainm a litriú.
- Alan:** Tá an ceart agat ansin, a mhic. Bíonn ainmneacha aisteacha ag na Caitlicigh, in amanna.
- Nicola:** Tá aithne agamsa ar mhúinteoir bunscoile i mBaile Andarsan. Tá triúr Ché agus Cú Chulainn amháin sa rang 's aicise.
- Fionn:** Ach bíonn ainmneacha aisteacha ar na Protastúnaigh fosta.
- Alan:** *(i gcogar)* Cé nár cheart dúinn iad a athrá *(caochann sé)*.

- Fionn:** Ach nár chuala sibh trácht ar bith ar *Wilson* Clyde agus *Gardiner* Kane? Tá mé ag fanacht leis an chéad réalta eile, Nesbitt Nesbitt nó rud inteacht mar sin.
- Nicola:** *(ag smaoineamh agus ag caint go malltriallach)* Bheadh Clyde Wilson ní b'fhearr.
- Blondie:** Ó, níl a fhios agam, a Mhamaí. Bhí Wilson Pickett ceart go leor.
- Fionn:** *(ag gáire fós)* *Northern Soul*, ar ndóigh. *(éiríonn sí níos dáiríre)* Ach níl a fhios agam cén fáth arb éigean dóibh sloinne a úsáid mar ainm.
- Alan:** Tá eagla orthu, a Fhionnghuala. Tá eagla orthu go gcaillfidh siad a gcultúr. Is éigean dóibh é a dhaingniú.
- Fionn:** Tá a fhios agam, ach tá sé chomh ... chomh ... och, níl a fhios agam.
- Blondie:** Níl sé sin cosúil leatsa — a bheith ag lorg an fhocail chirt mar sin.
- Fionn:** Tarlaíonn sé don chuid is fearr dinn ó am go ham.
- Blondie:** *(stad)* Bhuel, a stóirín, níor cheart duit a bheith ró-bhuartha faoi. Agus ár gcara Citizen Kane feicthe ag achan duine sa Chúige ar an teilifís, ní bheidh duine ar bith eile ag tabhairt an ainm sin ar a mhac go ceann 50 bliain eile.
- Nicola:** *(ag gáire, cé go bhfuil bia ina béal aici)* Tá tú millteanach! An créatúr bocht.
- (éiríonn Fionnghuala agus bailíonn na soithí isteach)*
- Blondie:** A stóirín.
- Fionn:** Is ea?
- Blondie:** Ar mhiste leat dá n-íosfaimis ár n-uachtar reoite sa seomra suite? Seans go mbeidh an cluiche ar siúl anois.
- Alan:** *(go luath)* Is féidir libhse fanacht anseo, más mian libh.

Fionn: Ó, is ea, agus fágtar muidne anseo leis na soithí a ní!

Blondie: *(go páistiúil) Maroon shark?*

Fionn: *(gáireann sí)* Maith go leor, a thaisce. Íosfaimid sa seomra suite.

(dáileann Fionnghuala an t-uachtar reoite amach, agus bogann siad go dtí an seomra eile)

Alan: *(ag cur an teilifíseáin ar siúl)* Maith thú, a bhuachaill! An bhfaca sibh an cúl sin?

Nicola: Is fuath liom peil.

Fionn: Is fuath liomsa chomh maith í. Tá sí i bhfad níos leadránaí ná spórt ar bith eile — tá sí chomh laghdaithe sin ar dhóigh éigin. Níl cead agat rith leis an liathróid. Níl an fheidearthacht agat an liathróid a chiceáil thar an chúl. Ní thig leat úd a ghnóthú. Tá sí chomh maol, chomh dé-thoimhseach sin. Agus chan taise don scór. Ní fhaigheann siad ach cúl nó dhó — sin má bhíonn an t-ádh orthu — agus —

Blondie: In ainm Dé, a Fhionnghuala. Nach féidir leat a bheith ciúin go ceann soicinde gan anailís a dhéanamh ar achan spórt ar domhan?

Nicola: *(tuirsithe)* Is fearr liomsa cruicéad.

Alan: Tá tú ag dul thar fóir anois!

Nicola: Fadhb ar bith. Léifidh mé an nuachtán seo go ciúin.

Alan: Maith go leor, ach mura mbíonn tú ábalta a bheith i do thost agus muidne ag breathnú ar an chluiche, ba cheart duit fanacht sa chistin.

Nicola: In ainm Dé! Cad é a rinne tú leis an imreoir leadóige sin? Tá sé sin déistineach.

Blondie: B'shin an t-anlann.

Alan: *(ag pléascadh)* Téigh abhaile, a bhean! Ní labhraíonn tú liom agus muid sa bhaile. Níl a fhios agam cén fáth arb éigean duit a bheith ag síorchaint anseo.

Fionn: A Alan. Beir ar do chiall!

Alan: An é ag cúiteamh an chiúnais mhóir atá tú? Abair é! Abair é, a chailleach thriomaithe!

Blondie: Fan bomaite. Tóg go bog é, a Dhaidí.

Nicola: *(ag gol)* Lig dó, a thaisce. Lig dó. Caithfidh sé déileáil leis an strus ar dhóigh inteacht. An bhfuil a fhios agat? — nuair a bhí do dheartháir bocht i mo bhroinn, d'fhulaing d'athair go mór faoi strus. D'fhulaing sé an oiread sin gur —

Alan: A Nicola, druid do bhéal. Ní gá duit é seo a scaoileadh leis na páistí.

Nicola: Bhí an oiread sin struis air gur thóg sé striapach dó féin, bean bhocht éigin as Béal Feirste Thiar a shíl go raibh sé *i ngrá* léi. *Choinnigh* sé í. Choinnigh sé ar feadh trí bliana í. Níor stad sé de nuair a chaill mé an gasúr. Níor stad sé de nuair a rugadh thú. Ach fuair mé a rún amach. Fuair mé na litreacha.

Alan: In ainm Dé. In ainm Dé *(titeann a cheann)*.

(ciúnas fada)

Blondie: *(Breathnaíonn sé ar an teilifíseán, cuma bhualte air. Labhraíonn sé go mall)* Is dóigh liom go bhfuil cúl faighte acu.

Láthair 2

(is féidir an ghaoth a chluinstin ag séideadh)

Tí Fhionnghuala nuair a bhí sí óg. Glacann an t-aisteoir céanna an ról, ach ise gléasta mar chailín deich mbliana d'aois. Tá trirseáin aici. Tá an teach an-bheag ar fad — chomh mór leis an seomra bia

sa teach eile. Úsáidtear an seomra céanna, ach le soilsiú atá cineál liath. Tá an leagan amach an-chosúil leis sin, ar ndóigh. Is féidir cuid den chistin a fheiceáil ar chúl an tseomra. Tá Fionnghuala ina suí ag an tábla. Ní féidir a cosa a fheiceáil mar gheall ar éadach an bhoird. Tá a cathaoir beagán níos ísle ná na cinn eile, agus dealraíonn sí níos óige dá thairbhe sin. Tá bábóg ina lámh aici, ridire ar chapall. Tá gruaig bhán air, agus caitheann sé cathéide.

- Fionn:** 'Nois, a Blondie. Tusa mo ridire. Caithfidh tú mo chosaint. Tá an dragún amuigh sa cheantar seo agus eisean ag análú bladhairí. *(ligeann sí scread bheag aisti agus gáireann beagáinín go díreach ina dhiaidh)* Mo mhíle stór, tá tú gortaithe ag an bheithíoch. Tá an fhuil ag glioscarnach i do ghruaig dhílis fhionn. Tar anseo, agus déanfaidh mé mo dhícheall duit. Tar anseo go nglana mé thú, mo shaighdeoir bocht gortaithe.
- Pól:** *(ag teacht isteach ag cúléisteacht)* Fadhb ar bith. Suífidh mé síos, agus is féidir leat mo shean-chosa bréana a ní.
- Fionn:** Níl mise ag dul i ngar duit. Ag caint le Blondie a bhí mé. Tá seisean i bhfad níos fearr ná tusa.
- Pól:** *(ag tógáil cathaoireach dó féin)* Ó, brisfidh tú mo chroí, a dheirfiúr bheag. Faighim é sin ó na cailíní uilig sa teach tábhairne, agus anois deir an deirfiúr is fearr liom an rud céanna anseo. Níl mo fhéinmhuinín sábháilte sa bhaile, fiú!
- Fionn:** Bhí Mamaí ag rá nár cheart duit a bheith ag dul go dtí an teach tábhairne agus tusa gan ach 15.
- Pól:** Och, ná bac léi. Mura raibh an oiread sin dúile aici sa deoch nuair a bhí sí 15, ní bheinn ar domhan.
- Fionn:** Druid do bhéal, nó nífidh mé amach le gallúnach é!
- Pól:** Ach a Nuala, an ndearna tú dearmad de mo chosa? *(diríonn sé orthu agus gáireann)*
- Fionn:** *(ag breathnú ar an tábla)* Ní maith liom thú.

Pól: Ní maith leat mé, ach nach raibh tú ag rá le do chara beag Máire le déanaí gur mise an deartháir is fearr ar domhan?

Fionn: *Huh! (lasann sí le náire)*

Pól: *Ha ha, bíonn mo spairí i ngach áit. (sánn sé a lámh isteach ina phóca)* Nach bhfuil tú ag caint liom, a stóirín? Nach gcluineann tú mé? An bhfuil tú bodhar?

Fionn: *(claonann sí a ceann)*

Pól: Ó bhuel, seans nach bhfuil dúil agat sa *Mars Barseo*.

Fionn: *(ag múscailt go tobann)* Tabhair domh píosa, a Phóil.

Pól: *(ardaíonn sé an Mars Bar os a chionn)*

Fionn: *(ag tabhairt iarrachta é a fháil)* Le do thoil. Le do thoil.

Pól: Ceart go leor. Seo duit. Níl a fhios agam cá bhfuil Mamaí. Tá ocras orm.

Fionn: Go raibh maith agat.

(itheann siad a gcuid)

Cén áit a raibh tú inniu?

Pól: *(ag ithe fós)* Bhí mé ag obair.

Fionn: Ní chreidim thú. Cá raibh tú?

Pól: Ní thig liom a rá.

Fionn: Cén fáth nach dtig leat a rá?

Pól: Níl cead agam. Is rún é.

Fionn: Bhí Mamaí ag rá nár cheart duit a bheith ag dul thart sa chomhluadar sin. Dúirt sí gur fir gharbha atá iontu.

Pól: Agus ba cheart di a fhios a bheith aici faoi fhir gharbha agus ise pósta ar dhuine acu.

Fionn: *(Goileann a fhocail uirthi. Leanann sí ar aghaidh, ach níos moille)*
Dúirt sí go raibh do chloigeann líonta go barr acu le smaointe rómánsacha ach go bhfaighfeá bás, agus cá mbeidh tú ansin?

Pól: A Nuala, caithfidh tú a thuigbheáil. Tá ar dtuismitheoirí traochta. Rinne siad a ndícheall lá dá laethanta, agus tá siad traochta. Tá siad cosúil leis an sean-rí caite san fhinscéal nach bhfuil neart aige a ríocht a chosaint. Tagann an dragún ar ais ach an bhliain le bláth na hóige a ithe. Caithfidh an rí gaiscíoch óg a aimsiú ... Tá ár dtuismitheoirí sean, a Nuala. Ach tá muidne óg. Nach dtug tú faoi deara go bhfuil an focal beag céanna sin 'óg' san fhocal 'óglach'?

Fionn: Níor smaoinigh mé air.

Pól: Níor smaoinigh. Ach an gcuala tú na focail 'Turcach óg' riamh? Tugtar é sin ar ach an duine a bhfuil splanc spioraid ann sa lá atá inniu ann, ach ba ghluaiseacht réabhlóideach sa Tuirc é i dtoiseacht báire. Bhí an rún acu a dtír a athnuachan — í a dhéanamh óg aríst cosúil leo féin. An bhfuil a fhios agat? — tagann na bastaird úd thart anseo trí cheantair nach bhfuil fáilte rompu iontu, agus iad ag smaoiniamh go bhfuil siad slán sábháilte ina *meat wagons*. Ach ní bheidh i gcónaí. Beidh saol níos fearr againn. Ach caithfidh muid an dragún a mharú ar dtús.

Fionn: An bhfuil tú cinnte?

Pól: Lán-chinnte. Seans go mbeidh ridire de do chuid féin agat am éigin.

Fionn: *(áthas uirthi)*

Pól: Sin an stuif. *(ag breathnú ar an bhábóg, iontas air)* Hey, nach sin an bhábóg a bhí sna nuachtáin, an ceann a bhí contúirteach do pháistí? Nach bhfuil spíce ollmhór inti nó rud inteacht mar sin?

Fionn: *(go cosantach)* Ní sin an ceann céanna. Beidh mé ceart go leor.

Pól An bhfuil tú cinnte?

Fionn: Fuair Mamaí go saor é. *(stad, ansin breathnaíonn sí suas air)* Beidh mé ceart go leor.

Pól: Maith go leor, más mar sin é.

Fionn: *(stad)* An bhfuil tú in Óglaigh na hÉireann ansin?

Pól: *Em,* ar dhóigh. Tá mé ró-óg go fóill. Tá me i bhFianna na hÉireann.

Fionn: A Phóil.

Pól: Is ea?

Fionn: *(i gcogar)* Maraigh an dragún ar mo shon-sa.

Pól: Fadhb ar bith.

(is féidir duine a chluinstin ag teacht isteach)

Sin Mamaí.

Athair: *(ag teacht isteach)* Cad é tá sibh a dhéanamh anseo? Cá bhfuil bhur Mamaí?

Pól: *(díomá agus beagáinín eagla air)* Níl a fhios agam. Cha dtáinig mé abhaile ach cúig bhomaite ó shin.

Athair: Ar 'úirt sí rud ar bith leatsa fá dtaobh de bheith níos moille?

Fionn: *(go ciúin)* Níor 'úirt.

Athair: Bitseach fhalsa. Fan go bhfaighe mé greim uirthi. A Phóil, an bhfuil *Marseile* agat?

Pól: Níl.

Athair: Bhí mé ag súil leis sin. Níor smaoinigh tú riamh ar d'athair.

Pól: Ach ní raibh a fhios agam nach mbeadh sí sa bhaile. Ní raibh a fhios agam go mbeifeá sa bhaile ag an am seo, fiú.

Athair: *(beireann sé ar a mhuineál)* Ar chuir mé ceist ort?

Pól: *(deir sé rud nach bhfuil intuigthe)*

Athair: Ar chuir mé ceist ort?

Pól: Níor chuir.

Athair: Sin níos fearr. Is dóigh leat gur teach ósta an teach seo. Is dóigh leat nach gá duit meas ar bith a thaispeáint dod' thuismitheoirí. Bhuel, tá tú amú, a bhuachaill bhig. Ní teach ósta é. *(stad) Fuck's sake*, an éigean d'fhear a dhinnéar féin a fháil?

Fionn: *(ag éirí)* Déanfaidh mise é, más maith leat.

Athair: Fan i do shuí! Gheobhaidh do mháthair an dinnéar. Tá obair bhaile agat.

Fionn: Dé hAoine inniu. Níl aon —

Athair: Cad é? Cad é a dúirt tú?

Fionn: *(ag crith le heagla)* A dhath.

Athair: Maith go leor. Fanfaidh muid le bhur Mamaí.

Pól: An bhfuil tú fuar ansin, a Dhaidí? Is féidir liom tine a dhéanamh.

Athair: Maith go leor. Déan é. Tá mé ag fáil bháis leis an ocras anseo. Tá poll mór san áit a raibh mo bholg. Geallaim é seo duit: mura dtagann sí abhaile i gceann cúig bhomaite eile, —

(Is féidir duine a chluinstin ag teacht. Osclaítear an doras.)

Fionn: A Mhamaí.

- Máthair:** *(ag teacht isteach le málaí, cuma áthasach uirthi)* Dia daoibh, a chairde.
- Athair:** Dia is Muire duit, siúd is nár cheart domh beannacht ar bith a ghuí ort agus muidne ag fanacht anseo i dteach reoite gan greim le hithe againn. *(stad)*Cá raibh tú?
- Máthair:** Ag siopadóireacht a bhí mé. Agus is ar éigean a thig leatsa gearán fá dtaobh de sin. Níor chaith tú oíche Aoine sa teach seo le sé bliana anuas.
- Athair:** Ní raibh an sean-diabhal sásta mo chairde a shíneadh.
- Máthair:** Bhuel, bhí sé sin ag teacht am éigin. Cheannaigh mé buidéal leanna dhuibh. Bhí mé ag iarraidh é a roinnt le Pól ach is féidir leatsa é a ól leis an iasc is sceallóga, más maith leat.
- Athair:** Cé a dúirt leat gur cheart duit ár n-airgead a chaitheamh amú ar bhruscar daor mar sin? Nach féidir le mná na hÉireann dinnéar a ullmhú dá gclann féin níos mó? Nó an bhfuil tú *saortha* anois?
- Pól:** Ba bhreá liomsa a bheith i mo shaighdeoir i nDoire Saor.
- Máthair:** Druid do bhéal go ceann bomaite, a Phóil. *(tiontaíonn sí ar ais ar a fear céile)* M'airgead-sa féin atá ann. Is beag an lá oibre a rinne tusa ó phós muid.
- Athair:** Bhí post maith agam ar feadh dhá bhliain sular dhruid siad an mhonarcha. Bhí tú sásta do sháith airgid a thógáil uaim ag an am sin. An dearn tú dearmad go mbíonn sé doiligh d'fhear cosúil liomsa? Chan ormsa atá an locht ach ar na Protastúnaigh dhamanta agus an stát a thóg siad dóibh féin.
- Máthair:** Tá a fhios agam, a stór. Ag iarraidh cineál a dhéanamh ar na gasraí a bhí mé. B'shin an méid. Ní bheinn in ann é seo a dhéanamh go hiondúil. Níl an t-airgead againn, ach ós rud é go bhfuil na buachaillí eile ar dheontas sa Ghaeltacht, thapaigh mé an deis.
- Pól:** Tá mise ag saothrú anois — agus ag íoc cíosa chomh maith. Tá sé tuillte agamsa ar aon nós.

- Athair:** Bí ciúin, nó ciúnóidh mé féin thú!
- Máthair:** A Phóil, bíodh meas agat ar d'athair. Déan tine dúinn.
- Athair:** Nár 'úirt mé leat tine a dhéanamh deich mbomaite ó shín?
- Pól:** Trí bhomaite ó shin, agus ba mise an duine a chéad-smaoinigh air *(téann sé chuig an tine).*
- Máthair:** A Nuala, cuir na plátaí faoin ghreille. Cailín maith *(tosaíonn sí ar na málaí a fholmhú ar an tábla).*
- Athair:** *(ag fanacht, buaileann sé a mhéara ar an tábla)*
- Fionn:** *(ag teacht ar ais ón chistin)* Cá bhfuil an t-iasc agus sceallóga?
- Máthair:** Seo duit, a stóirín. Ba cheart dúinn téamh beag a thabhairt do na plátaí go ceann bomaite sula n-íosfaidh muid iad.
- Fionn:** Maith go leor *(imíonn sí chuig an chistin leis na rudaí eile).*
- Máthair:** *(leanann sí a hiníon go dtí an chistin, cúpla mála ina lámh)*
- Athair:** Cad é mar a bhí an obair inniu, a mhic?
- Pól:** *(drogall air)* Ceart go leor.
- Athair:** *(go searbhasach)* Agus nach féidir leat tuilleadh eolais a thabhairt domh fá dtaobh di seachas é sin?
- Pól:** Bhí mé ag obair go crua. Bhí muid gnóthach inniu. Fuair mé mo phá, agus chuaigh mé abhaile. B'shin é.
- Athair:** Bhuel, is féidir liom é seo a rá leat, a bhuachaill — ba chóir duit d'iompar a fheabhsú má bhíonn cónaí ort faoi mo dhíon. *(stad)* An bhfuil toitín agat?
- Pól:** *(sánn sé a lámh isteach ina phóca agus tugann toitín dá athair go tostach)*

Athair: *(ligeann sé osna as)*Go raibh maith agat *(deargann sé an toitín).*

Fionn: *(ag teacht ar ais ón chistin)*Seo duit d'iasc agus sceallóga.

Athair: An leann.

Fionn: Mo chreach! Gheobhaidh mé duit anois é.

Máthair: *(ag teacht ón chistin leis na béilí eile)*A Nuala, cén deifir atá ort? Ba dhóbair gur thit na sceallóga ar an urlár. Seo duit, a Phóil.

Pól: Go raibh maith agat, a Mhamaí.

Fionn: *(ag tabhairt an leanna dá hathair)*Seo duit do bhuidéal leanna.

Athair: *(slogann sé braon as an bhuidéal)* Sin níos fearr *(Tá sé ag caitheamh an toitín fós. Ní amharcann sé síos nuair atá an phaidir á rá ag a mhnaoi).*

Máthair: Bail na gcúig arán agus an dá iasc,
A roinn Dia ar an chúig mhíle duine.
Rath ón Rí a rinne an roinn
Go dtige ar ár gcuid is as ár gcomhroinn.

(tosaíonn siad a dh'ithe)

Athair: *(i ndiaidh bomaite)*Tá mo sceallóga fuar. Tá gréisc orthu.

Máthair: Ach bhí siad istigh faoin ghreille sách fada.

Athair: Is cuma liom. Tá siad fuar.

Pól: Tá mo chuid féin ar fheabhas.

Máthair: Bíodh agat, a Phóil! Nach féidir leat a bheith i do thost go ceann bomaite amháin gan a bheith ag cur isteach ar d'athair bocht? A Nuala, cuir an pláta ar ais faoin ghreille go ceann tamaillín eile. Seans go raibh sé ar an imeall. Sin an fáth a bhfuil sé fuar fós.

Fionn: *(téann sí chuig a hathair go deifreach chun an pláta a thógáil uaidh agus iompaíonn an leann thar na sceallóga)*

(fanann siad uilig ag stánadh ar an phláta go ceann bomaite)

Tá brón orm, a Dhaidí! Charbh é d'aon turas a rinne mé é.

Athair: *(ag éirí)* Fan go bhfaighe mé thú!

Fionn: *(ligeann sí scread aisti)*

Máthair: Fág an cailín! Fág í! — an gcluineann tú mé? *(téann sí idir Fionn agus a hathair)* Seo duit *(tugann sí a pláta féin dó)* Tóg é, agus bí ciúin.

Athair: A striapach! *(buaileann sé í)*. Tá mé faoi mo dhion féin! *(leanann sé ar aghaidh)*

Máthair: *(títeann sí ar an urlár ag gol)*

Pól: *(éiríonn sé agus buaileann a athair go bhfága sé a mháthair)* Stad de sin!

Athair: *(buaileann sé Pól)* Maróidh mé thú, a bhastaird bhig!

(an bheirt ag iomrascáil ar an urlár go ceann bomaite. Tá an Mháthair ag gol fós)

Pól: *(ag streachailt suas)* Is fuath liom thú! Is fuath liom thú! Ní thiocfaidh mé ar ais. Ní thiocfaidh mé ar ais choíche! Slán leat. Is óltóir agus cladhaire thú, agus beidh tú i gcré i gceann cúig bliana eile. Ní fheicfidh tú aríst mé. *(stadann sé go ceann cúpla soicind agus breathnaíonn ar Fhionnghuala)* Slán agus beannacht leat, a thaisce. Cailín maith thú *(imíonn sé ag plabadh an dorais ina dhiaidh)*.

Láthair 3

Tí Fhionnghuala agus Blondie, ceithre seachtaine i ndiaidh na cóisire. Tá Fionnghuala ag caint le máthair Blondie ar ghuthán ar crochadh ón bhalla.

Fionn: Tá sé go hiontach, a Nicola. Bhain sé an-sult as an Spáinn ... *(ag gáire)* Is ea, rinne mé deimhin de nár ól sé an iomarca *sangría* ... *(níos dáiríre)* Ná bí ag cur an lochta ort féin faoinar tharla. Bhí tú faoi bhrú san am. Is iomaí rud a deir fir eatarthu féin a chuireann isteach ormsa fosta. *(tógann sí an guthán ón bhalla agus téann go dtí an tolg)* A Nicola, ní féidir le mnaoi a mothúcháin a cheilt go brách, siúd is go mbíonn *siadsan* ag súil leis sin. Ba cheart dó é sin a thuigbheáil ... *(go mall)* Cad é mar atá Alan, ar aon nós? ... *Hm*, bhuel, ní bheinn ró-bhuartha faoi. Tá sé tuillte aige. Ghoill tú ar a mhórtas, sin é. Beidh sé ceart go leor i gceann coicise nó dhó. Mura ndéanfadh sé é sa chéad áit, ní bheifeá in ann é a lua ... A Nicola, ní dhéanfadh *seisean* é sin! ... Is cuma cad é mar a bhí a athair. Cogar, tá mé dóchasach as an daonnacht. Tá mé dóchasach as an fhorbairt. Ní féidir linn na meancóga céanna a dhéanamh a rinne ár dtuismitheoirí ... Ó, níl mé ag cur lochta ar bith oraibhse! An rud ba mhian liom a rá ná go n-éiríonn rudaí níos fearr. Sin an fáth nach bhfuil cónaí orainn in uaimheanna fós, tar éis an tsaoil ... Uamhach! Tá tú an-chrua ar do mhac féin. Is ea, tá a fhios agam go ndeir daoine nach bhfuil muid ar chomhchéim intleachta agus mar sin de. An bhfuil a fhios agat cén fáth a ndeir siad é sin? — ba bhreá le fir sa tsean-aimsir mná a phósadh nach raibh an oiread céanna oideachais acu. Mhothaigh siad ní b'fhéarr ansin. Bhí siad in ann orduithe a thabhairt. Bhí siad in ann rúin an tsaoil a cheilt ar a mná. Choinnigh siad an chumhacht dóibh féin. Tá fadhb acu nuair a fheiceann siad muid. Is fuath leo gur féidir linn a bheith chomh sásta sin le chéile.

(is féidir carr a chluinstin amuigh)

Sin fear an tí ag teacht anois. Ar mhaith leat caint leis? ... Ó bhuel, maith go leor ansin, ní déarfadh mé a dhath leis. Slán anois *(cuireann sí an guthán ar ais)*.

(is féidir coiscéimeanna Blondie a chluinstin)

Fionn: *(téann sí chuig an doras)* A haon, a dó, a trí, a ceathair. Sin é *(osclaíonn sí an doras)*. Bhuel, cad é mar atá tú, a thaisce?

Blondie: *(Ina sheasamh ar an teallach leis an eochair ina láimh aige, iontas air. Is léir óna ghnúis go raibh sé ar laethanta saoire)* An raibh tú ag fanacht liom, a Fhionnghuala?

Fionn: *(miongháire neirbhíseach ar a ghnúis)* Ní raibh, ar ndóigh.

Blondie: *(ag gáire)* Bhí tú ag fanacht liom; tá a fhios agam. Bhí tú ann sular bhuaill mé an clog.

Fionn: *(tostann sí)*

Blondie: Bhuel, an bhfuil tú ag iarraidh mé a ligint isteach ansin?

Fionn: *(ag múscailt)* Is ea *(tugann sí coiscéim i leataobh)*.

Blondie: *(pógann sé í agus é ag teach isteach)* Hm, tusa mo *big brown fish*.

Fionn: Tá a fhios agam *(pógann sí ar ais é)* An bhfuil a fhios agat? — ó tháinig tú abhaile ón Spáinn, breathnaíonn tú an-chosúil le Rocky Horror aríst.

Blondie: Ó, shíl mé go raibh deireadh leis an scéal sin anois. Ní maith liom ar chor ar bith é, mar leasainm.

Fionn: Cén fáth? Toisc go dtug mé é sin ort nuair a bhí muid ag dul in éineacht le cheile ar dtús? Bhuel, tusa an buachaill céanna, agus mise do chailín fós. Tá cead agam rud ar bith a thaitníonn liom a thabhairt ort, más mian liom. Is cuimhin liom an chéad uair dá bhfaca mé thú. Bhí tú ag obair mar gharda tarrthála ag an teach ósta millteanach sin sa Ghréig. Agus thit mé i ngrá leat go láithreach. Ní dóigh liom go snámhfaidh mé an oiread sin aríst go brách. Bhí do chraiceann mar chaife, agus do ghruaig chomh geal leis na tithe beaga aoldaite thart ar an bhá.

Blondie: Ach ní maith liom an t-ainm sin. Díol gnéis a bhí ann sa scannán *(téann sé chuig an tolg agus caitheann a mhála agus a chóta air)*.

- Fionn:** Ba cheart d'achan mhnaoi díol gnéis a bheith aici.
- Blondie:** Inti.
- Fionn:** Druid do bhéal, a Rocky. Tá an t-ádh ort nach bhfuil mo dhochtúireacht bainte amach agam fós. Beidh mé ábalta *Dochtúir Frank N. Furtera* thabhairt orm ansin.
- Blondie:** Bhuel, ba cheart duit stocaí eangaí a chaitheamh domh ansin.
- Fionn:** Caithfidh mé éadaí ciallmhara.
- Blondie:** Tá craiceann bagrach air sin.
- Fionn:** Mar is cóir.
- Blondie:** Bhuel, an bhfuil greim le hithe déanta agat?
- Fionn:** Rinne mise an dinnéar aréir. Déan tusa é.
- Blondie:** Och, tá mé ró-thraochta. Cuirfidh mé scairt ar an áit Shíneach.
- Fionn:** A bhastaird fhalsa! Déanaim achán rud sa teach, agus mura ndéanaim, cuireann tusa an oiread sin airgid amach gurb éigean domh é a dhéanamh in aghaidh mo thola.
- Blondie:** Tóg go bog é, a Fhionnghuala. Tóg go bog é. Níl ach cúpla punt i gceist. Níl muid bocht.
- Fionn:** Tá a fhios agam. Tá brón orm. Ach níor cheart duit do dhualgais a sheachaint. Deir tú liom gur cheart domh bean a fhostú leis an teach a choinneáil glan, ach ní féidir liom é sin a dhéanamh. Ní féidir liom ualach na hoibre a chur ar mhnaoi bhoicht eile.
- Blondie:** Seans go dtiocfadh linn fear fóirsteanach a aimsiú.
- Fionn:** *(ag gáire go tuirseach)* Ní thuigeann tú, a thaisce.
- Blondie:** An raibh tú gnóthach inniu, ansin?

Fionn: Scríobh mé cuid mhaith, is ea.

(breathnaíonn siad ar a chéile)

Cogar, tá cúpla dinnéar a cheannaigh mé i *Marks and Spencers* sa reoiteoir. Cuir isteach sa mhicreathonn iad.

Blondie: *(téann sé chuig an chistin)* Léigh amach an méid a scríobh tú.

Fionn: Níl spéis agat ann.

Blondie: Cá bhfios? Níl sé cluinte agam fós *(téann sé isteach sa chistin)*.

(Is féidir cúpla torann leictreonach a chluinstin nuair a chuireann sé na béilí isteach)

Fionn: Maith go leor. *(ag léamh)* "Ról na mná báine i bpainteon gnéasach an fhir". Chomh fada ar ais sa stair le healaíon na Sean-Ghréagach, is féidir tabhairt faoi deara go bhfuil íomhá idéalach na mná níos báine ná a mhacasamhail fireann. Tá sé sin le feiceáil in achan chine agus in achan aois. Sna múrmhaisithe a fuarthas i gCnósas, mar shampla, tá sé doshéanta go bhfuil craiceann na mban níos gile ná craiceann na bhfear. Sa chás sin, is féidir linn tuairimiú gur comhartha é seo gur cheart do na mná uaisle fanacht sa bhaile le linn do na fir leanúint ar aghaidh le spórt agus cogadh. Is comhartha sclábhaíocht na mban agus saibhreas a bhfear mar aon é.

Blondie: *(ag teacht ar ais le dhá ghloine fiona ina láimh)* Nach leor duit fáinne pósta?

Fionn: Amadán tusa!

Blondie: *(ag miongháire)* Bhuel, lean ar aghaidh. Tá mé ag éisteacht go dúthrachtach *(tugann sé gloine dí)*.

Fionn: *(ólann sí ón ghloine agus tosaíonn aríst go drogallach)* Níorbh éigean dóibh a mná céile a sheoladh a dh'obair lasmuigh den bhaile, agus cha dtug siad cead dóibh páirt a ghlacadh i gcúrsaí an stáit ach oiread. Agus, mar atá a fhios againn, mura mbíonn saol

ag mnaoi taobh amuigh den bhaile, ní bhíonn an seans céanna aici bualadh le daoine neamhaithnide, fir eile san áireamh. Is ionann iad gile a craicinn agus gile a hanama. Thig leis an fhear a bheith cinnte gur dá shíol féin iad gasraí a mhná céile. Sa Róimh, bhí adhradh na mná gile ceangailte isteach leis an Impireacht. Ba mhná Tuaisceartacha in achan bhrí den fhocal iad na mná geala. Ar leibhéal an ghnéis, bhí na mná Tuaisceartacha ní ba chóngraráí d'ainmhithe. Ar an leibhéal polaitiúil, bhí na Rómhánaigh in ann na mná a éigniú san am céanna nuair a d'éignigh siad a dtíortha. Ar an chuma seo, tá an aeistéitic seo cosúil leis an aonsmaoineamh nua-aimseartha fhireann a bhaineann le mná Áiseacha.

Blondie: Aonsmaoineamh? Dar fia, tá go leor smaointe agamsa fá dtaobh díobh.

Fionn: Ní chuirfidh tú isteach orm. Ní ligfidh mé duit. *(ag léamh aríst)* Is comhartha chumhacht an Nua-choilíneachais é. Is maith le tíortha cumhacht a bheith acu. Is maith le fir cumhacht a bheith acu chomh maith, go háirithe ar mhná. Is é an chúis is tábhachtaí i dtuigbheáil na bhfear, áfach, ná go ndealraíonn mná bána mar pháipéar folamh dóibh. Is géinte cúlaitheacha iad géinte na mná báine. Is féidir leis na fir a ghéinte a chur chun tosaigh gan eagla a bheith orthu go mbéarfaidh géinte na mná an bua ar a síol agus a dtréithe féin. Nuair a chuireann mná nua-aimseartha dath ina gcuid gruaige le bheith ina mná bána, tá siad ag géilleadh do na fir. Tá a fhios againn, ar ndóigh, go síleann siad go bhfuil siad ag comhlíonadh íomhá neodrach na háilleachta, ach is é fir an domhain a tháirgeann an íomhá sin.

(is féidir clog na micreathoinne a chluinstin sa chistin)

Blondie: Buíochas le Dia. Tá mé ag fáil bháis leis an ocras anseo *(téann sé ar ais sa chistin)*.

Fionn: Níor cheart duit an cineál sin rudaí a rá.

Blondie: Cén cineál rudaí?

Fionn: Go bhfuil tú ag fáil bháis leis an ocras nuair nach bhfuil sé fíor.

Blondie: Braitheann sé ar cé chomh fada agus atá tú sásta fanacht. Tá tús curtha leis an phróiseas, sin cinnte *(téann sé ar ais le dhá thráidire plaisteach agus foirc).*

Fionn: A Blondie, níl mé ag dul a dh'ithe an dinnéir sin as soithí plaisteacha. In ainm Dé, thug mé na dinnéir sin duit. Shilfeá go mbeifeá in ann iad a chur ar phlátaí ar a laghad.

Blondie: Tá brón orm, ach bhí mé ag fáil — *(stopann sé é féin sula ndeir sé an chuid eile den abairt)*

Fionn: *(gáireann sí)* Ó, tá brón orm, a thaisce. Bhí mé ró-chrua ort. Gheobhaidh mé pláta domh féin. Suigh síos ansiúd, agus ith do sháith, a chréatúir bhoicht *(téann sí isteach sa chistin, ag gáire fós).*

Blondie: *(mar pháiste buartha)* Ní raibh sé chomh greannmhar sin *(tosaíonn sé a dh'ithe).*

Fionn: *(ag teacht ar ais le pláta)* An bhfuil do dhóthain agat, a stóirín? Níl mórán ite sna rudaí seo.

Blondie: Bhuel, ... *(cuireann sé spúnóg eile ina bhéal agus leanann ar aghaidh le linn dó í a chogaint)* ... Bhí mé ag smaoineamh ... Tá an dinnéar seo ite againn anois, agus ... má cheannaím rud ar bith eile le hithe, ní le mo dhualgais a sheachaint a bheadh sé á dhéanamh agam, ach mar rud breise.

Fionn: *(le guth traochta)* Maith go leor, a thaisce. Cuir scairt ar an Síneach.

Blondie: *(gáireann sé agus déanann deifir a dhinnéar a chríochnú).*

Fionn: Cad é do bharúil faoin sliocht a scríobh mé.

Blondie: Bhuel, caithfidh mé rud a iarraidh ort.

Fionn: Cad é?

Blondie: Bhuel, nuair a bheidh tú ag tabhairt na léachta seo, os comhair na mac léinn agus achan rud ...

Fionn: Is ea?

Blondie: An síleann tú gur féidir leat gan lua go dtáirgeann an comhlacht a n-oibríonn d'fhear céile agus a athair dó an dath damanta úd a chuireann mná ina gcuid gruaige?

Fionn: *(ag gáire)*Fadhb ar bith, a thaisce.

Blondie: 'Nois. *(téann sé chuig an ghuthán ar an bhalla agus diaillíonn uimhir a thógann sé as a phóca)*. Hallo, an é sin an *Happy House*? Maith go leor. Ba mhaith liom sicín le rís fhriochta. Deich mbomaite? Ar fheabhas. Go raibh maith agat *(cuireann sé an guthán ar ais agus ligeann osna shásta)*. Tar anseo, mo chéad-searc.

Fionn: Tá mé ag ithe fós.

Blondie: Is cuma faoi sin. Tar anseo.

Fionn: Bomaite. Bíodh foighne agat. Ní mheallfainn-se ó do bhia thú.

Blondie: *(ag miongháire)*Ní bheifeá in ann.

Fionn: *(ar nós na hamharclainne)* Tá a fhios agam. *(itheann sí cúpla spúnóg eile agus téann chuige)* Maith go leor, a thaisce. Déan do dhícheall.

Blondie: Ó, an bhfuil cead agam mo dhícheall a dhéanamh, ansin?

Fionn: *(ag gáire)*Tá tú millteanach. *(pógann sí é)*Millteanach.

Blondie: Ach tá mé i ngrá leat. An bhfuil a fhios sin agat?

Fionn: Tá *(pógann sí arís é)*.

Blondie: An raibh tú ceart go leor i d'aonar inniu?

Fionn: Cén fáth nár cheart domh a bheith ceart go leor? Is bean fhásta mé.

Blondie: Ar ndóigh. Ach in amanna, dealraíonn sé domh nach dtaitníonn sé leat a bheith amuigh anseo i d'aonar.

Fionn: An cailín beag mé nach féidir léi tráthnóna a chaitheamh gan Daidí?

Blondie: Ach nach cuimhin leat nuair a bhí tú san ollscoil cúpla seachtain ó shin? Ní raibh tú in ann faic a scríobh.

Fionn: Nach comhartha é sin go dtaitníonn sé liom anseo?

Blondie: Seans, ach b'fhéidir nár cheart do dhuine a bheith in áit iargúlta mar seo leis an oiread sin smaointe.

Fionn: Beag an seans go dtarlódh sé sin duitse.

Blondie: *(breathnaíonn sé gortaithe)*

Fionn: Tá brón orm. Tá brón orm, a thaisce. Ní raibh mé ag iarraidh é sin a rá.

Blondie: A Fhionnghuala, cén fáth nár labhair tú riamh faoi do theaghlach?

Fionn: Ó, is mar sin é. Tuigim anois. Cén fáth arb éigean duit a bheith ag síor-chaint faoin téama seo?

Blondie: A Fhionnghuala, is mise d'fhear. Is grá liom thú. Má tá rud ann atá dod' chrá, ba mhaith liom a fhios a bheith agam. Ba cheart dúinn caint faoi.

Fionn: *(tosaíonn sí a ghol)*

Blondie: A thaisce.

Fionn: Cén fáth nach féidir leat mé a fhágáil i m'aonar?

Blondie: Cad é a tharla le d'athair?

Fionn: Níor tharla faic leis! Is cuma liom é!

Blondie: A Fhionnghuala.

Fionn: Níor tharla a dhath!

Blondie: A Fhionnghuala, a thaisce. Glac staidéar *(cuireann sé a lámha ar a guailí ag iarraidh í a chiúnú)*.

Fionn: *(buaileann sí a chliabh)* Ní raibh athair agam. Níor tharla a dhath! Níor tharla a dhath. *(goileann sí go cráite)* Níor tharla a dhath!

Láthair 4

(is féidir an ghaoth a chluinstin ag séideadh)

An ceantar Caitliceach — tá máthair Fhionnghuala imithe. Tá Fionnghuala féin sa seomra bia lena hathair, an bheirt acu ina suí. Tá bábóg Fhionnghuala ar an tábla rompu.

Fionn: A Dhaidí.

Athair: *(ar meisce, trína fhiacra)* Tá mé ceart go leor, a Ghráinne. Lig domh mo scíth a ligint anseo go ceann bomaite. Beidh mé ceart go leor ansin.

Fionn: Chan é Mamaí atá ann ach mise.

Athair: *(ligeann sé osna, ag titim ina chodladh aríst)*

Fionn: Athair beag *(croitheann sí go bog é)*.

Athair: *(ag múscailt)* Cad é? A Nuala, cad é atá tú a dhéanamh?

Fionn: A Dhaidí, tá mé ar tí an dinnéar a ullmhú. Ar mhaith leat an mhairteoil anocht nó amárach?

Athair: Mairteoil? An é stéig atá ann?

Fionn: Is ea. Nó más fearr leat, thig liom cáil ceannann agus ispíní a dhéanamh duit. Níl oinniúin ar bith agam don stéig. Ní bhfuair an grósaeir seachadadh inniu mar gheall ar na bealaí a bheith druidte.

Athair: Íosfaidh mé na *bangers* ansin. Is féidir leatsa an brúitín a ithe.

Fionn: Níl sé sin ró-shláintiúil, a Athair. Chuala mé faoi sin ar an teilifís. Ba cheart do dhuine glasraí a ithe chomh maith.

Athair: *(ag scairteadh)* Druid do bhéal, a striapach bheag, nó sáfaidh mé an cabaiste damanta úd isteach i do scornach.

Fionn: *(Breathnaíonn sí go heaglach air)*

Athair: Bhuel, an bhfuil tú ag dul a dh'fhanacht i do sheasamh ansin mar chrann marbh, nó an bhfaighidh mé mo dhinnéar am inteacht idir seo is an Nollaig?

Fionn: *(ar tí gol)* Tá brón orm *(imíonn sí chuig an chistin)*.

Athair: *(i ndiaidh stad bhig, laige sa ghuth, ag scairteadh ina diaidh)* Is orm féin atá an brón, a thaisce. Níl a fhios agam cad é a dhéanfainn murach tusa. Is breá an rud é nár thóg siad uaim thú cosúil leis na gasraí eile. Ní bheinn in ann aire a thabhairt domh féin. *(éisteann sé go ceann bomaite le feiceáil an ndéarfaidh sí rud ar bith)* Níor chuala tú mé. Níor chuala tú mé, a Nuala. *(cuireann sé a lámh ar a éadan agus diríonn a cheann ar an tábla, ag labhairt os íseal)* A Rí na bhfeart, tá tinneas cinn orm *(sánn sé a lámh amach agus féachann uirthi ag croitheadh)*. Níl pingin rua fágtha againn. Tá do mháthair imithe lena *fancy man* agus mo sheacht mallacht uirthi. Agus do dheartháir mór? Tá seisean ag caitheamh a airgid ar dheochanna a cheannach d'achan striapach thoilteanach i ngach halla damhsa uaidh seo go Doire seachas lámh chuidithe a thabhairt dá athair bocht.

Fionn: *(ag scairteadh ón chistin)* A Dhaidí, ar 'úirt tú rud inteacht? An bhfuil achán rud agat?

Athair: Níor chuala tú ach an raidió, a thaisce (*amharcann sé thart go heaglach go ceann soicinde; ansin ritheann sé go ciotach chuig an raidió agus cuireann ar siúl é*).

An Raidió: Agus anois, ar a sé a chlog, tá sé in am don nuacht, á léamh ag Seán Mac Airt.

Mac Airt: Bail ó Dhia oraibh. Lean an trioblóid idir dílseoirí agus náisiúnaithe in mBéal Feirste ar aghaidh aréir. De réir tuairiscí a d'eisigh an BBC, maraíodh beirt ar an teorainn idir ceantar Caitliceach agus ceantair chónagaracha Phrotastúnacha go luath ar maidin inniu. Níor ainmníodh fós iad. Tá cúigear eile san Ospidéal Ríoga ar Bhóthar na bhFál le créachtaí grán gunna. Dúirt urlabhraí an ospidéil nach raibh na daoine gortaithe i gcontúirt a mbáis. Thug an RUC le fios gur dódh thart ar 20 teaghlach Caitliceach amach as a dtithe sa trioblóid is déanaí an tseachtain seo.

Athair: *Bloody hell*, ní féidir liom éisteacht leis sin (*téann sé ar ais chuig an raidió*).

Mac Airt: Sa Dáil inniu —

Athair: (*múchann sé an raidió*) Sin níos fearr. (*cuireann sé a lámha ar a cheann*) Ciúnas.

Fionn: (*ag teacht ar ais*) Caithfidh mé m'éadaí scoile a bhaint díom. Tá na prátaí sa phota, agus tá na hispíní faoin ghreille. An féidir leat aire a thabhairt dóibh go dtí go dtiocfaidh mé ar ais?

Athair: Is ea.

Fionn: (*ar tí imeacht*)

Athair: A Nuala, a chailín ...

Fionn: A Athair?

Athair: (*breathnaíonn sé uirthi go ceann bomaite, cuma aiféalach air*) A dhath, a thaisce. Ar aghaidh leat. (*téann sé chuig an chistin*) *Fuck's sake*, ní fhaighimid oinniúin fiú mura mbíonn na hOráistigh sásta

iad a dheonú dúinn. Agus cad é atá mise a dhéanamh sa chistin, in ainm Dé? Ní obair fir fhásta é seo. Ba cheart do na gasraí eile a bheith anseo. Ach cad é a rinne siadsan nuair a d'imigh a máthair? Rith siad chuig na hoibrithe sóisialta mar a dhéanfadh scata ban. Tá níos mó misnigh ag Fionnghuala ná ag an dream ar fad acu. Is ise iníon a hathar, m'fhuil féin *(téann sé ar ais ón chistin agus suíonn síos)*. Is mór an trua é nach bhfuil Pól anseo le toitín a thabhairt domh. Ach tá sé amuigh ag seilg striapacha áit éigin. Pósann buachaillí ar a máithreacha *(gáireann sé go searbh)*. Agus cailíní *(síneann sé a lámh amach agus cuireann ar bhábóg Fhionnghuala í)* — cá bhfios faoi na cailíní? *(amharcann sé ar an bhábóg ar nós aisteach. Títeann a cheann ar an tábla, agus fanann sé lena lámh sínithe)*

Fionn: *(ag teacht tríd an doras)* Nach raibh tú sa chistin?

Athair: *(ag múscailt)* Cad é?

Fionn: Nár chaith tú súil ar na hispíní?

Athair: Ar ndóigh.

Fionn: *(téann sí isteach sa chistin aríst)* Mo chreach. *(crith ina glór)* Tá siad dóite.

Athair: Cad é a dúirt tú?

Fionn: *(ag teacht amach)* Tá siad dú-dóite, ach amháin dhá cheann a bhí ar an taobh.

Athair: Bhí an gás ró-ard. D'fhág tú an gás ró-ard.

Fionn: Char fhág.

Athair: *(dá bualadh thar an ghnúis)* Ná bí ag oscailt do bhéil nuair a bhím ag labhairt, a striapach bheag!

Fionn: *(títeann sí ar an urlár agus tosaíonn a ghol os ard)*

Athair: Seas suas, agus bí ag breathnú orm!

Fionn: Char fhág mé an gás ró-ard.

Athair: *(tugann sé cíc di)* Cad é a dúirt tú?

Fionn: *(tostann sí)*

Athair: Cad é a dúirt tú?

Fionn: *(tostann sí)*

Athair: Taispeánfaidh mé duit! *(sleamhnaíonn sé a chrios as a bhríste agus tosaíonn á bualadh leis)* Ná *(buail)* tabhair *(buail)* neamhaird *(buail)* ar do *(buail)* athair.

(cnagadh ar an doras)

Á, *for fuck!* B'shin an rud a bhí uaim. *B'shin an rud a bhí uaim.* B'shin é go díreach é. Bhuel, ní féidir linn ligint do na hoibrithe sóisialta do thógáil uaim. Seas suas.

Fionn: *(fanann sí ar an urlár)*

(cnagadh ar an doras)

Athair: Seas suas, a Nuala ... a Nuala, an gcluín tú mé? Le do thoil, a Nuala ... Á, imigh leat go Baile-i-bhfad-thíos, ansin *(cuireann sé a lámha faoina gvaillí agus tógann suas i)* Tá tú ag bogadh do shúl. Thig leat seasamh suas. An bhfuil tú ag éisteacht liom, a chailín? *(tarraingíonn sé leiceadar uirthi)* Mura n-éiríonn tú go láithreach, beidh pionós i bhfad níos measa agat ná a fuair tú riamh go nuige seo, agus sin gealltanais. Is dóigh leat nach féidir liom rud inteacht nua a chumadh duit, ach ní thuigeann tú go bhfuil bua na samhlaíochta agam.

Fionn: *(éiríonn sí ina seasamh)*

Athair: Sin é, a chailín *(pógann sé ar a héadan i).*

Fionn: *(breathnaíonn sí tinn)*

(cnagadh ag an doras)

Athair: *(ag scairteadh)* Fan bomaite! In ainm Dé, nach bhfuil foighne ar bith ag daoine sa lá atá inniu ann? *(i gcogar)* A Nuala, téigh suas an staighre mar chailín maith. Cén fáth a bhfuil tú ag fanacht ansin? Téigh suas!

Fionn: *(téann sí suas go mall, ag amharc os a comhair le súile folmha)*

Athair: *(ag siúl thart go himníoch)* Bastaird d'oibrithe sóisialta. Ag cnagadh ar mo dhoras agus mé ag iarraidh greim a ithe. 'Nois, beir ar do chiall, a bhuachaill. Is éigean duit a bheith stuama anseo, stuama agus cairdiúil. Ní féidir leo í a fheiceáil. An striapach sin. Caithfidh mé múineadh di cad é mar ba cheart di a hiompar faoi mo dhíon. Is de m'fhuil féin í. Is mise a — *(tarraingíonn sé anáil go domhain agus osclaíonn an doras)*. A Athair *(iontas air)*.

Sagart: Dia duit.

Athair: A Athair.

Sagart: An dtig liom teacht isteach? Tá a fhios agam go bhfuil sé ag éirí cineál mall anois, ach tá rud práinneach agam arb éigean domh a phlé leat.

Athair: *(tostann sé)*

Sagart: Beidh na saighdiúirí ag teacht thart ar ball. Nó daoine atá níos measa aríst. An dtig liom teacht isteach?

Athair: *(ag múscailt as a bhrionglóidí)* Tá brón orm, a Athair. Chuir tú iontas orm, sin an méid. Ní raibh mé ag súil leat. Tar isteach.

Sagart: Go raibh míle maith agat.

Athair: Tá sé ag cur fearthainne. Tabhair domh do chóta, agus gheobhaidh Nuala — gheobhaidh mé cupán tae duit.

Sagart: Ní ólfadh mé a dhath an iarraidh seo, go raibh maith agat.

- Athair:** An bhfuil tú cinnte? Ní trioblóid ar bith é. Déanfaidh mé braon tae duit. Ní ghlacfaidh sé ach dhá —
- Sagart:** *(go dáiríre)*Ní ólfaidh mé a dhath.
- Athair:** *(cuma chaidéiseach air)*Suigh síos, a Athair.
- Sagart:** *(suíonn sé síos)*A leanbh —
- Athair:** *(go deifreach)*Ar mhaith leat píosa cáca?
- Sagart:** A leanbh, feicim anois go bhfuil a fhios agat cheana féin. Tharla rud éigin uafásach i ngar do —
- Athair:** Cé acu, a Athair?
- Sagart:** *(stad)*Maraíodh do mhac Pól inniu. Mharaigh na dílseoirí é.
- Athair:** *(go mall, os íseal)*Mo mhac.
- Sagart:** Tá brón orm.
- Athair:** *(stad)*Cad é mar a rinne siad é?
- Sagart:** Bhí gunnaí i gceist. Níor fhulaing sé i bhfad.
- Athair:** An bhfuil ... an raibh ... a ghnúis ceart go leor? An bhfuair siad sa ghnúis é?
- Sagart:** *(stad)*Tá brón orm *(cuireann sé a lámh ar lámh an fhir eile)*.
- Athair:** *(breathnaíonn sé ar lámh an tsagairt)*Bhí troid againn. Bhí muid ag troid.
- Sagart:** Is minic a tharlaíonn sé mar sin. Ach tá a fhios aige anois go dtugann tú grá dó. Níl tréith ná fadhb ar bith agat nach dtuigeann sé anois.

Athair: *(ag breathnú ar láimh an tsagairt fós)* Déanfaidh mé cupán tae duit.

Sagart: Níl sé sin riachtanach.

Athair: Ní trioblóid ar bith é *(seasann sé suas)*. Ní trioblóid ar bith é *(titeann sé ar an urlár)*.

Láthair 5

Tí Fhionnghuala agus Blondie. Tá na fuinneoga oscailte, agus tá an ghrian ag soilsiú isteach. Tá Fionnghuala ina haonar i lár an urláir, í ina seasamh os comhair an lucht éisteachta le píosa páipéir ina láimh.

Fionn: *(ag léamh)*

Agus mise ag dul síos
Go híocht ar an aigéin
Scar na holl-simléir uaim
Is na crainn uilig.

Tháinig maighdean mhara
Í ag smeachaíl a teanga
"Bhí an créatúr bocht ró-fhada
Ar bhruach an tsaoil."

Níor éirigh liom éalú
As dú-ríocht na n-eascann.
Bhí luaidhe i mo chorp
Mar i gclog athar mhóir,

Is an t-éadóchas scríofa
Ar chlár ciúin na farraige,
Is an tuirse dhosháraithe
Dom' thairneáil síos go tóin.

Ach tháingais i do churach
Mar íomhá Naomh Breandán.
Thug tú goradh do na hinnill
Ar cheart dóibh a bheith fuar

Gur líon tú na ranna
A bhí chomh lán anuraidh
De dhorchadas sáile.
Líon tú le gile iad.

Is den longbhriseadh ársa
Rinne tú rud lonrach,
Báirse grástúil *Styrofoam*
Ag preabarnach ar muir.

Agus geallfaidh mé é seo duit:
Ní rachad faoi, a thaisce.
Tá d'anáil mar chlóca
A bhéarfadh ar ghaoth mé.

Blondie: *(ag scairteadh ón ghairdín)* A Fhionnghuala? Cad é atá tú a dhéanamh? Tá an ghrian go hiontach. Tar amach.

Fionn: *(deifir uirthi)* Tá mé ag teacht, a stóirín. Ní féidir liom é seo a thaispeáint duit. Ní thuigfeá é. Níl do sháith spáis agat sa chloigeann sin. Tá sé líonta go barr le peil agus scannal. Ach tá mé i ngrá leat *(sánn sí an dán isteach i gcomhad)*.

Blondie: *(ag teacht isteach)* Nach tusa an seargánach! Lá gréine agus tusa istigh anseo. Cad é atá tú a dhéanamh ar aon nós? An é ag scríobh do léachtaí atá tú?

Fionn: *(ag díbirt a mothúchán)* Is ea.

Blondie: Agus nach féidir leat é sin a dhéanamh amuigh?

Fionn: Tiocfaidh mé amach i gceann bomaite, a stór. Caithfidh mé cúpla rud a reáchtáil i dtoiseacht báire.

Blondie: Ach ní bheidh mise amuigh ansin. Tá cluiche ag teacht ar an teilifís.

Fionn: *(ag gáire le faoiseamh)* Sin é. Tá colscaradh uaim. Tá fear eile sa chaidreamh seo.

- Blondie:** Cén fear eile?
- Fionn:** Alex Ferguson, ar ndóigh.
- Blondie:** Ó, más mar sin é, ba cheart domh an fhirinne ar fad a nochtadh.
- Fionn:** Agus cad é sin?
- Blondie:** Bhuel, tá cúpla bainisteoir eile i gceist, gan iomrá ar bith ar Beckham agus Owen.
- Fionn:** *(ag cur a lámha uime)* So, adhaltrach srathach atá ionat.
- Blondie:** Ach amháin sa samhradh. Rinne Wagga Wagga iarracht mo mhealladh uait, ach níorbh fhéidir leo.
- Fionn:** Tá áthas orm faoi sin.
- Blondie:** Cé go —
- Fionn:** Druid do bhéal!
- Blondie:** Caithfidh tú do theanga a shá isteach i mo bhéal le stop a chur leis.
- Fionn:** Cén fáth a ndéanfainn é sin? *(pógann sí é)*. Bheadh sé míshláintiúil *(pógann sí arís é)*.
- Blondie:** An-mhíshláintiúil.
- Fionn:** *Hm*, ainmhí sláintiúil tusa.
- Blondie:** *(ceist ina ghlór)* Em, is féidir linn cuairt a thabhairt ar an seomra leapa.
- Fionn:** *(díomá uirthi)* Níl an t-am tagtha fós.
- Blondie:** *(fearg air)* Á, *bloody hell*, an mbraitheann achan rud ar cén t-am den mhí é?
- Fionn:** Dúirt an dochtúir é.

Blondie: An dochtúir!

Fionn: *(ag scairteadh)* An bhfuil páistí uait? An bhfuil leanbh uait?

Blondie: Cad é a shíleann tusa?

Fionn: Níor úsáid muid frithghiniúint ar bith le bliain anuas — *le bliain anuas* — agus níl mé ag iompar. Caithfidh muid orduithe an dochtúra a leanúint.

Blondie: Shilfeá go mbeadh sé riachtanach luí le chéile ó am go ham — abraimis uair nó dhó sa bhliain — le páiste a choimpeart.

Fionn: *(tosaíonn sí a ghol)*

Blondie: Tá brón orm. Tá brón orm, a thaisce. Deirim rudaí, agus ní smaoiním orthu.

Fionn: Tá a fhios agam. Tá a fhios agam. Buachaill maith thú *(cuimlíonn sí a mhéara trína chuid gruaige)*.

Blondie: *(iontas air, ag miongháire)* Buachaill maith?

Fionn: Tusa mo bhuachaill. *(stad)* An gcuala tú iomrá ar bith ar andraigíneacht?

Blondie: *(ag gáire)* Arbh iadsan na hamhránaithe a bhíodh ar an teilifís ag tús na n-ochtóidí?

Fionn: Rud eile ar fad, a Blondie. Bí ag éisteacht liom go ceann bomaite.

Blondie: *(tostann sé)*

Fionn: Bhí finscéal ag na Sean-Ghréagaigh. Ag tús an tsaoil, ní raibh fir agus mná ann. Ní raibh ach créatúir mhóra chruinne. Bhí na créatúir i gceannas ar an domhain ar feadh na n-aoiseanna, ach d'éirigh siad ardnósach. Chuir siad stuaic ar na déithe, agus bhí díoltas uafásach acu. Scaoil siad iad, agus chruthaigh siad fir agus mná.

Blondie: *(ag miongháire)* Agus rinne siad snaidhmthe nó d'fhág siad bearnaí mar ba chóir.

Fionn: *(ag leanúint ar aghaidh gan aird a thabhairt air)* Dhíbir na déithe na marthanóirí. Scaipeadh ar fud fad na cruinne iad. Agus ón lá sin amach, nuair a théann fir agus mná ar thóir an ghrá, déanann siad a seacht ndícheall a leath eile a aimsiú. Agus uaireanta, agus amháin uaireanta, éiríonn leo.

Blondie: *(Amharcann sé uirthi go neamhthuisceanach)*

Fionn: A Blondie, tusa an leath eile 's agamsa. Tá muid déanta dá chéile. In amanna, tchítear domh go gcaithfidh go dtáinig muid ón chré chéanna. In amanna, ní féidir liom creidbheáil go bhfuil tú fíor.

Blondie: Cad é an fhadhb ansin?

Fionn: Níl a fhios agam. Seans gur mhaslaigh mé na déithe.

Blondie: *(pléascann sé ag gáire)* Ó, a Fhionnghuala, arbh é sin an rud a bhí ag cur isteach ort?

Fionn: Níor inis mé duit faoi mo shaol nuair a bhí mé óg.

Blondie: *(ag éisteacht go dúthrachtach)* Níor inis.

Fionn: Bhuel, thomhais tú. Thomhais tú faoi m'athair. Níor mhaith liom a rá go cruinn cad é a rinne sé orainn, ach —

Blondie: Bíonn rudaí mar sin sa nuachtán gach uile lá, a thaisce. Ní gá duit achan rud a mhíniú.

Fionn: *(ag gol)* Bhí sé lán chomh holc.

Blondie: Mo rún. Bhí an ceart agat. Bastaird iad na fir.

Fionn: Bastaird muid uilig, a thaisce ... Ar aon nós, d'imigh mo mháthair, agus chuaigh na buachaillí chun na dílleachtlainne. Fágadh ar ais

mé le go mbeinn in ann aire a thabhairt do m'athair, siúd is nach raibh mé ach deich mbliana d'aois. Bhí sé ag ól.

Blondie: Mo chailín bocht (*tugann sé barróg di*).

Fionn: Gur imigh mé féin lá amháin. Thóg bean Phrotastúnach isteach mé. B'ise an Protastúnach deireanach ar ár sráid. Bhí sí chomh deas sin. Bhí am ar dóigh againn. Bhí madra beag cliste aici darbh ainm Súipín. B'eisean an cara ab fhearr liom sa domhan. Agus lá amháin, agus mise in aois mo 13 bliana, chuaigh sí ar turas. D'fhág sí le Súipín mé, agus thug sí sócúl beag airgid domh le bia a cheannach dúinn (*tosaíonn sí a ghol aríst*).

Blondie: Cibé a tharla, tá sé ceart go leor anois, a Fhionnghuala.

Fionn: Níl sé ceart go leor, a Blondie. Ghoid mé an t-airgead uaithi, agus d'imigh liom. Bhí ubh álainn ar nós Fabergé aici. Ghoid mé í. Ghoid mé a cuid seodra. Ghoid mé achan rud arbh fhéidir liom a iompar.

Blondie: (*breathnaíonn sé uirthi go báúil*) Tá sé sin intuigthe. Bhí saol an-chrua agat roimhe sin. Bhí tú trína chéile. Bhí tú ar buile leis an domhan.

Fionn: Ní thuigeann tú, a Blondie. *D'fhág mé Súipín sa teach*. Ní raibh greim le hithe aige. Ní raibh greim le hithe aige. *D'éag sé. (ag gol)* Agus nuair a tháinig sí ar ais lena bronntanais dúinn, fuair sí é.

Blondie: (*déistín air ar dtús, ansin níos báúla*) Bhí tú óg. A Fhionnghuala, tá mé i ngrá leat.

Fionn: Tá a fhios agam. Ach ...

Blondie: Cad é?

Fionn: Ní féidir linn leanbh a choimpeart.

Blondie: Is féidir linn, a Fhionnghuala. Níl sé tarlaithe fós, sin an méid.

Fionn: *(ag leathgháire trína deora)* Ach cad é mar ba cheart domh aire a thabhairt do leanbh — agus achan rud a bhaineann leis sin — mura bhfuil mé in ann aire a thabhairt do mhadra?

Blondie: A thaisce, bíonn an saol míchothrom in amanna. Faigheann daoine bás nár cheart dóibh bás a fháil. Ní chiallaíonn sé sin nach daoine maithe atá iontu, ar ndóigh. San am céanna, éiríonn daoine eile saibhir gan é a bheith tuillte acu. Faigheann daoine neamhchiontacha bás i gcreathanna talún. Ach ar an taobh eile, in amanna maraítear dúnmharfóirí sa chrith talún. In amanna baineann fear dea-chroíoch an crannchur. Agus, má bhí rudaí crua duit tráth den saol, níl baint ar bith aige sin le do shaol anseo anois. *(stad)* Nach bhfuil saol maith againn?

Fionn: Tá. *(ag tabhairt iarrachta ar mhiongháire)* Tá, a thaisce.

Blondie: Bhuel, nuair a bhuaileann na smaointe dorcha sin thú, ná déan dearmad de sin.

Fionn: Tá muid chomh sásta sin le chéile, a Blondie. Chan mar sin a bhíonn sé d'achan lánúin. An cuimhin leat na daoine deasa ar casadh muid orthu agus muidne ar laethanta saoire? Ba Phrotastúnach an fear céile, agus ba Chaitliceach ó Bhóthar na bhFál í féin. B'éigean dóibh eitilt go dtí an Mhuir Chairib le go mbeidís in ann pósadh. Ní bhfuair siad eaglais ar bith a bheadh sásta é a dhéanamh in Éirinn.

Blondie: Nach bhfuil an saol 's againne níos fearr ná é sin? Nach raibh an t-ádh orainn go bhfuil tuismitheoirí ciúine liobrálacha agam?

Fionn: *(claonann sí a ceann)* Léigh mé scéal sa nuachtán aréir faoi éan a chonaic feirmeoir ar a chuid talún i ndeisceart Sasana cúpla lá ó shin. Ba mheascán de ghé agus eala é. *Gwana* thug siad air. Bhí sé go hálainn. Dúirt achan duine é sin, achan duine a chonaic é. An t-éan ab áille dá bhfaca siad riamh.

Blondie: Nach maith an rud é sin?

Fionn: Thóg siad an t-éan go dtí páirc ainmhithe allta. Mairfidh sé ansin anois, agus tiocfaidh na sluaite daoine lena fheiceáil.

- Blondie:** Seans go mbeidh níos mó díobh ann am éigin.
- Fionn:** Ní bheidh, ach amháin trí thimpiste. Ag deireadh an ailt, dúradh nach mbeadh an t-éan in ann cúpláil le héan ar bith eile, bíodh sé le gé nó le heala. Tá sé de nós ag an Nádúr na hainmhithe nuachruthaithe seo a dhéanamh seasc. B'fhéidir go mbeidh *gwan* eile ann i gceann céad bliain, agus eisean chomh huaigneach leis an cheann eile atá ann anois. Ní bhfaighidh sé a leathéan choíche.
- Blondie:** Cén fáth a mbíonn tú ag síor-smaoineamh ar rudaí aisteacha mar sin?
- Fionn:** An mbím? Ach, a thaisce, ní raibh mé buartha faoi sin. Scéal deas a bhí ann, sin é. Scéal deas cumhach. *(ag seasamh suas go héifeachtach)* 'Nois, tá do thuismitheoirí ag teacht anocht. Agus d'aintín fosta. Níor bhuail mé léi riamh. Tá súil agam nach mbeidh trioblóid againn aríst.
- Blondie:** *(breathnaíonn sé uirthi go míshásta)*
- Fionn:** Och, tá brón orm. Ní bheidh trioblóid ar bith idir do thuismitheoirí. Tharla an scéal úd na blianta fada ó shin. Níor cheart dúinn an locht a chur ar d'athair. Bíonn sé mar sin d'fhir. Is éigean dóibh a síol a scaipeadh chomh leathan agus is féidir leo. Tá sé níos sláintiúla don daonnacht mar sin.
- Blondie:** An bhfuil? Tá tú an-tuisceanach do na créatúir bhochta. Bhuel, is féidir liom é seo a rá leat — ní dhéanfainn *choícheé*.
- Fionn:** *(ag gáire)* Maith thú. Thig leat do mhagairlí a choinneáil ansin.
- Blondie:** Go raibh míle maith agat.
- Fionn:** Bhí buidéal tuartha agam áit inteacht. Caithfidh mé an teach a ghlanadh sula dtiocfaidh Alan is Nicola *(imíonn sí)*.
- Blondie:** *(ag scairteadh ina diaidh)* Agus ná déan dearmad. Ná bí ag smaoineamh ar ghé-ealaí ach ar éisc mhóra dhonna. *(tiontaíonn sé*

thart agus labhraíonn leis féin) Á, bollocks (cuireann sé an teilifiseán ar siúl). Chaill mé tús an chluiche.

Láthair 6

(Is féidir an ghaoth a chluinstin ag séideadh)

Tí Fhionnghuala sa cheantar Caitliceach. Tá fuinneog oscailte ag taobh an ardáin, agus tá beagán gréine ag soilsiú isteach, cé go bhfuil sé ag éirí dorcha de réir a chéile. Tá athair Fhionnghuala ina shuí ag an tábla. Tá grianghraf Phóil os cionn na tine agus leathchoinneal in aice léi. Níl Fionnghuala le feiceáil.

Athair: *(Ag amharc os a chomhair. Is léir go bhfuil sé óltach) Cad é atá fágtha agat anois, a bhuachail? Punt go leith. Sin go maith. Beidh tú in ann do sheacht sáith a ól tráthnóna inniu. Caithfidh mé a rá le Fionnghuala rud éigin eile a dhíol. Ach ar cheart duit fanacht go dtiocfaidh Nuala ar ais? Beidh bunús maith agat i do bholg ansin. Sin an rud ceart duit ... Nach iontach é? Má itear an iomarca, ní féidir tuilleadh a ithe, ach is féidir níos mó a ól gan éirí óltach — nó ró-óltach, ar aon nós. Ní thitfidh tú ó do stól aríst. Agus an seanstriapach sin Ó Flannagáin, cad é a rinne sé ach do chaitheamh amach mar fhear siúil, mar ghasúr 17 mbliana nach bhfuil teacht aniar ann? (buaileann sé an tábla) Cá bhfuil tú anois, a Nuala? Tá súil agam nach bhfuil sí imithe aríst — ar mhaithe léi féin. Ach tá an teach i bhfad níos glaine anois ná a bhí riamh. Is maith an rud nach bhfuil na bastaird bheaga eile anseo dom' chrá. Nó a máthair, an striapach úd. Tagann na hoibrithe sóisialta isteach anseo, agus ní amharcann siad ar an chailín ar chor ar bith. Ní amharcann siad ormsa ach oiread. Ní fheiceann siad ach an teach, agus deir siad 'Ó, nach sin an teach is glaine dá bhfaca tú riamh?' Imíonn siad ansin. Tá Nuala bheag i bhfad níos fearr ná an dream uilig. Ach ba cheart di a bheith anseo agus ise ag teastáil óna hathair. (feiceann sé an bhábóg ar an tábla) Agus cad é sin anois? Tá do bhábóg anseo. 'Nois, a bhábógín, stróicfidh mé as a chéile thú mura dtagann do mháistreás bheag ar ais i gceann cúig bhomaite. (ag scairteadh) Fucking dícheannfaidh mé thú. (Cuimlíonn sé i). Agus cad é atá ann faoi na héadaí breátha seo? An bhfuil lansa ag an ridire? (sánn sé a mhéar faoi na héadaí agus gáireann) Cad é atá le hithe anocht, Nuala? lasc agus sceallóga?*

Sin ar fheabhas. Caithfidh sé go gcaitheann an daonnacht cuid mhaith dá ham ag ithe. Agus cá bhfaighidh muid an bia leis an domhan a chothú? Tá 4 bhilliún ann i mbliana. Nuair a smaoiním anois air, tá baint láidir idir ithe agus gnéas. Ba cheart dúinn scáthláin a bheith romhainn ag am dinnéir ionas nach gcuirtí déistin ar ár gcomharsana. *(gáire beag)* Tá cuid mhaith rudaí ar cheart dóibh fanacht sa bhaile. Ar aon nós, tá an t-ól níos ceirbrí ná an bia. Is ea, sánn tú do theanga isteach sa ghloine beagáinín, agus cuimlíonn tú an deoch isteach i do choguas má bhíonn fonn ort, ach dá ainneoin sin is rud spioradálta é. *(amharcann sé thart, éiríonn feargach go tobann, agus buaileann an tábla)* Cá bhfuil tú, a Nuala? *(a ghuth íorónta agus níos éadroime ná is iondúil)* Och bhuel, sin é *(tógann sé an bhábóg agus tarraingíonn an ceann di)*. In ainm Dé, cad é an bior sin? Níor cheart di rudaí mar sin a bheith aici. Ní bheinn ag iarraidh go dtarlódh rud inteacht di. *(stad)* Maith go leor, rachaidh mé chuig siopa na sceallóg ansin. Beidh flóirín eile cailte agam, ach téann an domhan thart. Is éigean d'fhear ithe, nó ní bheidh sé in ann a ól *(seasann sé suas agus múchann an solas sula n-imíonn sé as an doras)*.

(fanann an t-ardán i ndorchadas go ceann bomaite)

Fionn:

(Ag teacht isteach agus ag lasadh an tsolais. Labhraíonn sí go hard) A Dhaidí, an bhfuil tú ann? Tá brón orm go bhfuil mé níos moille ná is iondúil inniu. Thug mé cuairt ar Phádraig agus Mhicheál sa dílleachtlan. Tá siad go — *(tugann sí faoi deara nach bhfuil sé ann)*. Ó, níl tú anseo. Agus cheannaigh mé an bia seo duit. Bhuel, seans go mbeidh mé in ann ceapairí a dhéanamh. *(tugann sí an bhábóg faoi deara)* Mo chreach! *(titeann na málaí as a lámha)* Mo Blondie bocht! *(tosaíonn sí a ghol)* Cad é a rinne sé leat, an bastard úd? Is fuath liom é! Is fuath liom é! Á, a Mhamá, cén fáth nach bhfuil tú anseo le cuidiú liom? Cén fáth nach féidir leis mo ligint i m'aonar? Blondie, mo mhíle stór. Tháinig siad, agus mharaigh siad cosúil le hAslan an leon thú. Ach beidh tú ceart go leor arist *(cuireann sí an ceann ar ais ar an bhábóg)*. Ní bheadh a fhios ag duine ar bith seachas mé féin nach raibh tú slán folláin. Is ridire misniúil thú. *(Tógann sí na málaí agus téann isteach sa chistin. Ag canadh) Frère Jacques. Frère Jacques. Dormez-vous? Dormez-vous? Sonnez les matines. Sonnez les matines. Din, din don. Din, din, don.* Cá bhfuil na huibheacha? Och, tá ceann briste

anseo. Déanfaidh mé uibheacha scrofa domh féin. Ní bheidh a fhios aige ansin. Bhuel, ar cheart domh dinnéar a dhéanamh do Dhaidí fosta? Ní bhíonn a fhios agam in am ar bith an mbeidh sé ag teacht ar ais nó nach mbeidh. Ní bhíonn a fhios aige féin níos mó. Déanann sé dearmad. Rinne mé dearmad de Phól. *(cúpla soicind ina dhiaidh, tagann sí amach as an chistin le coinneal lasta agus malartaíonn ar an leath-choinneal i)* Beidh tú ceart go leor anois, a thaisce *(brúnn sí méar in aghaidh a beola agus ansin ar an ghrianghraf)*. A Phóil, cén fáth ar fhág tú anseo mé?

(tá duine le cluinstín roimh an doras)

Tá sé ag teacht *(deir sí paidrín tostach léi féin go ceann cúpla soicind agus suíonn síos ag an tábla)*.

Athair: *(ag caint leis féin)* Cosc orm! Cosc orm! I nDoire, déanann polaiteoirí áirithe stiúrthóirí comhlachta de na hóltóirí thart faoin teach tábhairne. Agus cad é a dhéanann siad anseo? Shilfeá nach raibh mo chuid airgid sách maith dóibh! Bhuel, taispeánfaidh mé dóibh nach bhfuil mé chomh so-sháraithe sin *(breathnaíonn sé síos air féin)* Tá boladh na sceallóg orm fós *(tosaíonn sé a ghol)*. Na bastaird. Na bastaird. *(tagann náire air nuair a thugann sé Fionnghuala faoi deara)*. Cé atá ann ach Nuala bheag, ár gcol ceathrar as na Stáit ar rith sé léi go mb'fhéidir léi cuairt a thabhairt ar an sean-fhód.

Fionn: Rinne mé ceapairí duit.

Athair: Ceapairí, an ea? Is cuma liom do cheapairí. D'éirigh mé bréan d'fhanacht anseo, agus cheannaigh mé mála sceallóg domh féin.

Fionn: Chuala mé.

Athair: Ó, arbh é ag cúléisteacht a bhí tú?

Fionn: Ní raibh. Bhí mé anseo.

Athair: Ní raibh. Bhuel, ná smaoinigh air ach oiread.

Fionn: Thug mé cuairt ar Phádraig agus Mhicheál.

Athair: Nár 'úirt tú cúig shoicind ó shin go raibh tú anseo?

Fionn: Bhí mé anseo nuair a tháinig tú isteach. Ní raibh mé ag cúléisteacht.

Athair: *(ag scairteadh)* An mbeidh tú ciúin go ceann soicinde amháin!
(ritheann sé chuici agus brúnn a ceann síos ar an tábla).

Fionn: *(nach bhfuil in ann labhairt ró-héasca)* Tá brón orm.

Athair: Druid ... do ... bhéal! *(amharcann sé uirthi go ceann soicinde, taom aithreachais air).*

Fionn: Athair beag.

Athair: *(ligeann sé dí a ceann a ardú)*

Fionn: *(go mall)* Mothaím aisteach. Tá mo cheann ag cur fola *(cuireann sí a lámh ar chlár a héadain).* Tá sé ag cur fola, ach is cuma. Tá Blondie ceart go leor.

(buailtear ar an bhalla)

Athair: *Á, for fuck!* *(amharcann sé ar an phointe as a dtáinig an cnagadh)* Och bhuel, ní thiocfaidh siad isteach. *Hey, kiddo,* an bhfuil tú ceart go leor? Tá brón orm. Tá a fhios agat go dtugaim grá duit. Tabhair domh na ceapairí úd, agus cuimil an tábla, agus déanfaidh muid dearmad d'achan rud. Cad é a deir tú? *Á, bloody hell,* tá ocras orm anois.

Fionn: *(amharcann sí thart, fágtha gan aithne)*

Athair: Cad é a deir tú?

Fionn: Cad é? Ó, maith go leor, a Dhaidí *(éiríonn sí agus téann isteach sa chistin).*

Athair: Sin níos fearr. An bhfeiceann tú, a Nuala. Thig linn réiteach go maith le chéile má dhéanaimid ár ndícheall.

Fionn: *(ag teacht amach as an chistin leis na ceapairí)* Is ea, a Dhaidí. *(tornálann sí beagán, agus titeann an pláta as a lámha).* Mo chreach!

Athair: *Fuckingóinsín! (breathnaíonn sé uirthi go nimhneach).*

Fionn: Tá brón orm. Níl a fhios agam cad é a tharla. Bhí meadhrán i mo cheann.

Athair: *(breathnaíonn sé uirthi ó bhun go barr)* Caithfidh mé pionós a thabhairt duit.

Fionn: Athair beag.

Athair: Tá brón orm, a Nuala, ach ní bheinn i m'athair maith mura ndéanfainn é *(Sleamhnaíonn sé a chrios as a bhríste).*

Fionn: Athair beag. Ná buail leis an chrios mé.

Athair: *(caitheann sé an crios uaidh agus amharcann uirthi)*

Fionn: *(ligeann sí scairt aisti)* Le do thoil, a Dhaidí.

Athair: Tar anseo.

Fionn: Le do thoil. Níor cheart duit é sin a dhéanamh.

Athair: Tar anseo, a striapach!

Fionn: *(tugann sí coiscéim ina threo go faiteach)*

Athair: Is ea. Is striapach thú ... Maith an cailín thú.

Fionn: Athair beag.

Athair: Tar anseo.

Fionn: *(Ritheann sí chuig an tábla go tobann agus tógann an bhábóg. Stróiceann sí an ceann di agus sánn a hathair leis an bhior)*

Athair: Tá mé maraithe ag an bhitseach bheag. Tá mé ag cur fola *(cuireann sé a lámh ar a thaobh agus amharcann uirthi).*

Fionn: *(ritheann sí chuig an doras agus imíonn léi)*

Athair: *(ag tornáil go lag agus ag scairteadh leis an doras oscailte)* Beidh tú ar ais! Beidh tú ar ais, a striapach! Teastaíonn sé ó na striapacha uilig. Ní féidir leat é a bhréagnú — Is maith leat é! Is maith leat é!

Láthair 7

Dorchadas. Siúlann an fear neamhaithnid thar an ardán aríst. Stadann sé sa lár go ceann soicinde le breathnú ar an lucht éisteachta. Leanann sé ar aghaidh ansin, agus téann sé as radharc ar chúl an bhrait.

Láthair 8

Tí Fhionnghuala agus Blondie. Is léir go bhfuil siad ag fáil réidh do chóisir dinnéir.

Blondie: *(ag bualadh na gcúisíní ar an tolg)* Agus an rud ba spéisiúla a bhí le rá aige ná tábhacht an chórais pá. An bhfeiceann tú, níor cheart dúinn a bheith ag tabhairt airgid do dhaoine de réir mar a éiríonn leo caighdeán na dtáirgí a choinneáil suas.

Fionn: *(ag dul thart le héadach, buidéal tuartha ina lámh aici)* Cén fáth? Shíl mé go raibh sé sin á dhéanamh ag na comhlachtaí móra uilig.

Blondie: Bhuel, má bhíonn na hoibrithe in ann rud éigin a dhéanamh faoi na táirgí, bíonn sé ciallmhar go leor, ach an chuid is mó den am, ní bhíonn neart acu air.

Fionn: An dóigh leat?

Blondie: Tá *a fhios* agam. Rinne sé rud aisteach le bosca uibhe. Bhí go leor liathróidí leadóg bhoird i mála aige. Sháigh sé an bosca isteach cúpla uair. Bhí cuid de na liathróidí dubh agus cuid acu geal.

Fionn: Agus nuair a tháinig an bosca amach aríst, bhí na liathróidí ann.

Blondie: Cuid acu dubh agus cuid acu geal. Agus tá daoine ag fáil pá de réir mar a fhaigheann siad liathróidí dubha nó liathróidí geala, siúd is nach bhfuil neart acu air.

Fionn: Agus cén bhaint atá aige seo le táirgeadh an smididh?

Blondie: An-bhaint, ach tá sé cineál casta. Inseoidh mé duit amárach. Braitheann sé ar an teicneolaíocht. Ar scor ar bith, níor cheart dúinn ní ba mhó airgid a thabhairt do dhaoine mura ndéanann siad faic. Tá daoine eile ag fulaingt. Faigheann siad níos lú pá le go mbíimid in ann an t-airgead a fháil don scéim mheasúnaithe. Níor cheart pionós breise a chur ar dhaoine a raibh mí-ádh orthu cheana féin.

Fionn: *(ag gáire)* Maith go leor. Cogar, caithfidh tú rud níos cruogaí a mhíniú domh. Cén fáth nach bhfaca tú d'aintín riamh?

Blondie: *(stad)* Bhí troid ag an teaghlach léi.

Fionn: Cén fáth?

Blondie: Ní bheadh sí ag teacht anocht ar chor ar bith murach na hathruithe polaitiúla. *(breathnaíonn sé thart agus labhraíonn os íseal)* Is Poblachtach í.

Fionn: Poblachtach? D'aintín?

Blondie: Is ea. Tá a fhios agam nach bhfuil mórán Poblachtach Protastúnach ann, ach d'fhás sí suas sna seascaidí. Mar sin a bhí sé san am. Bhí an áit ag pléascadh le *lefties* aisteacha.

Fionn: Ní gá duit leithscéalta a insint ar a son. Nach cuimhin leat gurb as Béal Feirste Thiar domh?

Blondie: *(dá pógadh)* Réabhlóidí amach is amach thú.

Fionn: Ní déarfainn é, ach tuigim na daoine sin, fiú mura n-aontaím leo.

(cluintear carr roimh an teach)

(ag breathnú amach as an fhuinneog) Agus cé atá ann ach an Poblachtach í féin. *(i gcogair)* Don't mention the war.

Blondie: Ní dhéanfaidh.

(gáireann siad mar aon)

Fionn: Tá do thuismitheoirí ann léi. Lig isteach iad, agus cuirfidh mé an t-anlann ar an fháinne.

Blondie: *(téann sé chuig an doras agus osclaíonn é)* A Aintín, an deas thú a fheiceáil!

Aintín: *(dá phógadh)* Tá tú díreach mar a bhí d'athair agus eisean i d'aois.

Blondie: Ó, ní raibh a fhios agam go raibh sé chomh dóighiúil sin.

(gáire ón doras)

Tagaigí isteach, a dhaoine uaisle.

(Tagann siad isteach. Tógann Blondie a gcótaí uatha agus tugann gloine seaimpéin d'achan duine le linn dó a bheith ag caint leo)

Alan: Cá bhfuil Fionnghuala?

Blondie: Tá sí ag cócaireacht sa chistin.

Alan: *(ag magadh)* Bulaí fir, sin díreach mar is cuí.

Nicola: An é sin an t-anlann álainn úd a motháim a bholadh?

Blondie: Ar ndóigh.

Nicola: Nach sin go deas, a Alan? Tá sí á dhéanamh sin mar a thaitin sé chomh mór sin liom nuair a bhí muid anseo.

Alan: An-deas ar fad.

- Blondie:** Bhuel, ní raibh mé ag iarraidh an rún a scaoileadh, ach ní féidir léi rud ar bith eile a chócaráil.
- Fionn:** *(ag scairteadh ón chistin) Chuala mé é sin. (ag teacht amach) Dia daoibh. Caithfidh gur tusa aintín Blondie. Tá áthas orm go raibh tú in ann teacht (tugann sí barróg di).*
- Aintín:** Agus tusa Fionnghuala *(féachann sí uirthi go fiosrach).* Ar casadh ar a chéile muid áit éigin?
- Fionn:** Ní dóigh liom gur casadh, ach is áit bheag í an Tuaisceart.
- Alan:** Áit bheag bhreá.
- Fionn:** An mbíonn tú thart faoin ollscoil ó am go ham?
- Aintín:** Bím. *(stad)* Ollscoil na Banríona, an ea?
- Fionn:** Sin é go díreach. Is léachtóir mé.
- Aintín:** Maith thú.
- Blondie:** Bhuel, ar cheart dúinn suí síos ansin?
- Fionn:** Tá an dinnéar réidh. Ní raibh mé cinnte cén t-am a mbeidís anseo. Ach más mian libh fanacht tréimhse fós ...
- Aintín:** Fadhb ar bith, a Fhionnghuala. D'íosfainn each dá mbeadh ceann agat.
- Alan:** *(ag magadh)* Níor cheart duit caint faoi do dheirfiúr chéile mar sin.
- Nicola:** *(ag miongháire go tuirseach)* Dia dár sábháil. Tá na sean-chinn ag teacht amach anocht.
- Alan:** *(ag gáire)* Níl muid chomh sean sin.
- Nicola:** Féach air. Gloine seaimpéin amháin, agus cad é a tharla? *(gáireann sí agus tugann boiseog dá thóin).*

Alan: *(déanann sé sciotaí)*

Aintín: Tá an teach go hiontach, a Fhionnghuala. Agus an suíomh. Ní dóigh liom go mbeadh mórán daoine in ann a rá go bhfuil cónaí orthu amuigh ar Loch Cuan.

Fionn: Bhí an t-ádh orm nuair a bhuail mé le Blondie anseo. Níl achan fhear saibhir chomh mealltach seo.

Nicola: Tá an ceart agat. Féach ar John Taylor.

Alan: *(fadhb aige)* Cad é atá cearr le John Taylor?

Nicola: Níl a dhath cearr leis, a stóirín, ach níl sé *mealltach*.

Blondie: *Hmm*, tá an chaint seo faoi ghnéas ag tabhairt goile domh. Rachaimis isteach sa seomra bia go n-ithimid greim. Tógaigí na gloiní libh.

(téann siad isteach sa seomra bia mar a d'iarr sé orthu)

Aintín: Tá sé ráite agam cheana féin. Ach tá teach mór breá agaibh anseo. Tá an chistin seo beagnach chomh mór le mo theach ar fad.

Alan: Bhuel, cén fáth nach gceannaíonn tú ceann eile i gceantar níos fearr? Tá an t-airgead agat.

Aintín: Bheinn in ann é a dhéanamh, cinnte. Ach ba mhaith liom dlúthpháirtíocht a thaispeáint leis an phobal.

(tá na daoine eile cotúil, agus tostann siad)

Fionn: *(stad)* Bhuel, gabhaigí ar aghaidh, ansin. Suígí síos. Is gaolta muid. Ní gá domh cead a thabhairt daoibh achan rud a dhéanamh.

(suíonn siad síos)

Nicola: *(ag gáire)* Gabh ár leithscéal. Bhí glaine an tí ag cur isteach orainn. Ní féidir le haon mhnaoi choitianta an áit a choinneáil mar sin, ach amháin má bhíonn gach duine eile ar slabhra aici.

Aintín: Nach é an bhean atá ar slabhra agus an teach chomh glan sin? Ná lig dó sclábhaí a dhéanamh díot, a thaisce.

Fionn: *(ag gáire)* Seans go bhfuil sé ró-dheireanach anois *(tógann sí cúpla pota ón fháinne agus cuireann ar mhataí boird iad)*.

Nicola: Á, nach deas é sin. Sin an rud a fuair muid nuair a bhí muid anseo mí nó dhó ó shin. Tá sé ar fheabhas.

Aintín: Má bhíonn an blas inchurtha leis an bholadh, beidh sé go hálainn.

Fionn: Ná bígí ag fanacht liomsa. Tosaígí, agus beidh mé libh i gceann bomaite.

(tosaíonn siad a dh'ithe)

Aintín: Tá sé go hálainn.

Alan: Tá an ceart agat.

Nicola Nár 'úirt mé leat?

Fionn: *(tagann sí ar ais le salann agus piobar agus cuireann ar an tábla iad)* Seo daoibh.

Aintín: Tá an t-iasc ar fheabhas, a Fhionnghuala. Tá mé cinnte go bhfuil tú feicthe agam áit éigin, agus caithfidh go raibh mé ag caint leat. D'aithin mé an dóigh a mbogann tú do cheann. An bhfuil do mháthair beo fós?

(Ní dheir Fionn a dhath. Tá Blondie agus a thuismitheoirí cotúil aríst. Amharcann an t-aintín thart, iontas uirthi.)

Fionn: D'fhág mo mháthair muid nuair a bhí muid óg.

Aintín: Tá brón orm é sin a chluinstin.

Fionn: Ná bí buartha. Mar a dúirt mé. Bhí muid óg. Bhí neart ama againn é a chur dinn.

- Aintín:** Och, níl a fhios agam. Braitheann sé ar an duine. Tá muid uilig difriúil. An bhfuil a fhios agaibh? — fuair mo mhadra beag Súipín bás 20 bliain ó shin, agus bím ag smaoineamh air inniu fós. Seans go bhfuil sé mar sin cionn is nach raibh páistí agam. An bhfuil sibhse ag smaoineamh ar pháiste fós?
- Fionn:** *(breathnaíonn sí trína chéile)*
- Blondie:** *(go luath)* Tá cúpla bliain againn fós le smaoineamh air sin.
- Fionn:** *(ag breathnú ar an aintín)* Nach aisteach é sin mar ainm, Súipín.
- Aintín:** *(ag gáire)* Is sean-bhean chantalach aisteach mé. Ní déarfainn go raibh madra eile ar fud fad na tíre leis an ainm sin.
- Fionn:** *(is beag nach dtiteann sí)*
- Alan:** In ainm Dé, a Fhionnghuala. Shilfeá go raibh taibhse feicthe agat. Ná bí chomh himníoch sin fá dtaobh den bhia. Tá sé ar fheabhas. Dúirt siad é sin cheana féin. Suigh síos.
- Fionn:** *(ag breathnú thart, cuma thruamhéalach uirthi)* Ní mhothaím go maith.
- Nicola:** Cad é atá ort, a thaisce?
- Fionn:** *(trína chéile)* Gabh mo leithscéal. Caithfidh mé luí síos *(cuireann sí a lámh ar chlár a héadain)*. Tá achan rud déanta. A Blondie, a stór, an mbeidh tú ceart go leor gan mé?
- Blondie:** Cinnte. Ach cad é atá cearr?
- Fionn:** Is fear maith thú *(amharcann sí ar aintín Blondie)*. Gabh mo leithscéal. Tá brón orm *(imíonn sí)*.
- Blondie:** *(ina diaidh)* Ach an bhfuil tú go — *(feiceann sé nach gcluinfidh sí é, agus deir sé an focal deireanach níos ísle)* — maith?
- Aintín:** *(breathnaíonn sí ar Blondie, ag machnamh)*

- Nicola:** Bhí mise mar sin agus mé torrach leat.
- Blondie:** An síleann tú go bhfuil sí — go bhfuil seans go bhfuil sí — ?
- Nicola:** *(ag miongháire)* Cá bhfios, a thaisce?
- Blondie:** Caithfidh mé an bia a fháil.
- Nicola:** *(áthas uirthi)* Suigh síos. Gheobhaidh mise é *(téann sí isteach sa chistin).*
- Aintín:** Cad é an sloinne a bhí ar Fhionnghuala sular phós sibh?
- Blondie:** Nic Sheáin.
- Aintín:** *(suaimhneas intinne aici)* Ó, maith go leor.
- Alan:** An bhfuil a fhios agat anois cén áit a bhfaca tú í?
- Aintín:** Níl.
- Blondie:** *(ag breathnú i dtreo na cistine)* Cad é atá sí a dhéanamh ansin?
- Aintín:** Is aoibhinn an boladh é, ar aon nós. Is maith liom rís ar bhainne. Bhí sé againn nuair a bhí muid óg.
- Alan:** I bhfad níos fearr ná prásóg almóinne i Sráid Oxford.
- Aintín:** *(go searbh)* Agus cad é a chiallaíonn sé sin go díreach?
- Alan:** *(tuirse air)* Ní chiallaíonn sé a dhath. Ach is maith an rud é go bhfuil an cogadh thart. Is maith an rud gur féidir linn leanúint ar aghaidh lenár saoil gan amadáin ag tabhairt iarrachta ár marú.
- Nicola:** *(tagann sí isteach le cúpla babhla)*
- Aintín:** Amadáin, an ea? Thig liom é seo a insint duit. Amadáin iad na daoine a reáchtálann stát *dóibh féin amháin* go ceann leathchéad

bliain gan a fhios a bheith acu ansin cén fáth a mbíonn buamaí ina ngairdíní.

Alan: Agus an fiú beatha amháin é?

Aintín: In amanna fiafraím díom féin an fiú trí mhíle go leith é stad den obair anois.

Alan: *(ag triomú a bheola go gasta le naipcín boird agus á chaitheamh ar an tábla)* Ó, sin é anois. Sin é! Inseoidh mé duit, a Sarah. Tá a fhios agam gur tharla rudaí millteanacha do na náisiúnaithe, ach thug siad nócha faoin chéad de orthu féin. Ach póilín bocht éigin. Cad é a dhéanann seisean seachas a jab?

Aintín: *(dáiríre)* Tá súil agam ... tá súil againn uilig nach mbeidh sé ina chogadh aríst. *(stad)* Tógfaidh mé na soithí isteach sa chistin. An bhfuil tú réidh?

Blondie: Tá. Go raibh maith agat.

Alan: Tá.

Aintín: *(Tógann sí na soithí agus téann isteach sa chistin. Amharcann sí ar Nicola nuair a théann sí thart uirthi)*

Nicola: Shíl mé gur 'úirt mé leat gan bacadh leis an pholaitíocht anocht. Ach ní bhíonn tú mar sin. Ní féidir leat do bhéal mór a choinneáil druidte *(buaileann sí babhla síos roimhe)*.

Aintín: *(tagann sí ar ais)*

Nicola: Seans go raibh aithne agat ar thuismitheoirí Fhionnghuala nuair a bhí sí óg. Ba é in iarthar na cathrach a bhí tú, nárbh ea?

Aintín: Sin ceart. Tá mé ansin fós. Ach ní cuimhin liom Fionnghuala Nic Sheáin.

Alan: Áit mhór atá ann.

Nicola: Ach níorbh é sin an sloinne a bhí uirthi san am sin. D'athraigh sí a sloinne nuair a chuaigh sí chuig an sean-teaghlach sin ón ollscoil. Ach tá dearmad déanta agam cad é an sloinne ceart a bhí uirthi. An bhfuil a fhios agat, a Alan?

Aintín: *(ag machnamh)*

Alan: *(ag amharc ar a dheirfiúr)* Is seanfhear traochta mé. Ní cuimhin liom rudaí mar sin. Níl a fhios agam cad é an difríocht idir Christy Moore agus Christy Brown an chuid is mó den am.

Blondie: *(traochta, ar nós múinteora)* Moore an file agus Brown an t-amhránaí, ar ndóigh.

Nicola: Ní Dhálaigh! Sin é. Ní Dhálaigh an sloinne a bhí uirthi.

Aintín: *(amharcann sí ar Alan)*

Alan: *(cuma scanraithe air)* Sloinne coitianta go leor é sin, ar ndóigh.

Aintín: *(os íseal)* Sin an cailín.

Alan: Ní thuigim.

Aintín: *(ag breathnú air go géar)* A Alan, sin an cailín beag a bhí ag stopadh liom.

Alan: Druid do bhéal! Tá do sháith ráite agat cheana féin le do chuid réabhlóide.

Aintín: Ach caithfidh muid é a rá leo. Tá siad ar tí —

Alan: Druid do bhéal!

Blondie: A Athair, in ainm Dé, beir ar do chiall.

Aintín: Tá brón orm, Alan. Caithfidh muid é a dhéanamh. Tá sé de dhualgas orainn. Sula n-éiríonn an scéal níos measa aríst.

Nicola: Ní thuigim. Cé hí an cailín seo?

- Alan:** *(go himpíoch)* Fan go bhfaighe tú an cruthúnas. Cuirimis scairt ar an ospidéal. Tá neart eolais acu. Ní bheadh orthu ach comparáid a dhéanamh.
- Aintín:** Tá an cruthúnas agam cheana féin. Nach bhfaca tú cad é a tharla nuair a dúirt mé ainm mo mhadra?
- Nicola:** *(scanraithe, lena fear)* Cad é atá cearr? *(leis an aintín)* Cad é atá cearr? A Alan?
- Blondie:** Cad é a rinne tú léi? *(ag síneadh a láimhe i dtreo a athar)* Má lig tú oiread agus méar amháin uirthi, maróidh mé thú, a sheandúine.
- Aintín:** Suigh síos! Suigh síos, agus bí ag éisteacht.
- Blondie:** *(déanann sé go huascánta mar a d'ordaigh sí)*
- Aintín:** *(go mall)* Bhí fear ann uair amháin, fear agus bean. Bhí siad mór le chéile. Bhí siad i ngrá. Agus b'aoibhinn leo pósadh. Nuair a d'iarr an fear ar a athair cead a thabhairt dó, áfach, dhiúltaigh sé, ó ba rud é go raibh creideamh eile ag an chailín. Ní bheadh sí fóirsteanach. Smaoinigh an fear óg ar a ghrá a phósadh in aghaidh thoil a athar, ach bhí an iomarca eagla air. Bhí an iomarca eagla air go mbeadh droch-shaol aige, droch-shaol nach raibh sé cleachta leis. Bliain nó dhó ina dhiaidh sin, phós sé bean eile, bean leis an chreideamh céanna an iarraidh seo. Rinne an cailín diúltaithe an rud céanna, agus bhí siad sásta ar dhóigh ar feadh tamaill. Ach ansin, casadh ar a chéile iad aríst, agus thosaigh siad a bhualadh le chéile gach Aoine. Cha dearn siad mórán ar dtús. Bhí rudaí ró-neamhchiontach an t-am úd. Ach de réir a chéile, d'éirigh siad ní ba dháiríre. Gur tháinig an lá nuair a rith sé leo go raibh siad ina luí le chéile. Rith sé leo go raibh siad fornocht. Smaoinigh an fear ar a mhnaoi a fhágáil, ach ní dhearna sé é. Bhí mac nua ar an bhealach ag an am, agus chonacthas dó go mbeadh saol ní b'fhéarr aige dá bhfanadh sé lena mhnaoi chéile. Scar sé lena ghrá den dara uair. Ach bhí rún aici. Bhí sí ag iompar linbh. Agus nuair a rugadh an páiste, thug sí ... Fionnghuala uirthi.

Blondie: Ní mhothaím go maith (*Tiontaíonn sé thart go tobann*). Tá brón orm, a mháthair.

Nicola: (*ag cur a láimhe ar a ghualainn*) Beidh tú ceart go leor, a thaisce.

Aintín: Tháinig an cogadh ansin. D'éirigh rudaí contúirteach do Phrotastúnaigh sa cheantar sin. Ní raibh seans ag an fhear fáil amach cad é mar a bhí an cailín eile-chreidmheach. Ach bhí an t-ádhdh air. Bhí deirfiúr aige a raibh na daoine sa cheantar sásta glacadh léi. Nuair a d'fhág a iar-chailín an bithiúnach a raibh sí pósta leis, d'éirigh leis an fhear óg áitiú ar a dheirfiúr duine de na páistí a thógáil isteach. Cailín a bhí ann, cailín a bhí iontach cosúil lena hathair ...

Nicola: Tá do dhóthain ráite agat anois!

Blondie: Níor thuig mé ... Níor thuig mé ...

Aintín: Ar ndóigh. Ní ortsa a chuirimid an —

Blondie: Níor thuig mé cé chomh hiomlán agus a bhí mé i m'aonar.

Nicola: (*titeann sí ar an urlár*)

Aintín: (*ritheann sí chuici*) A Blondie, dúisigh! Tá do mháthair tinn. Níl d'athair ag bogadh. Rith suas an staighre, agus faigh rud éigin di. An bhfuil cumharshalann agaibh?

Blondie: (*ag amharc thart, mearbhall air*) Cad é? (*croitheann sé a cheann go dícheallach lena mhúscailt*) Sílim go bhfuil.

Aintín: Faigh é, ansin. Agus má tá suaimhneasáin de chineál inteacht agaibh, ba cheart duit a bhfáil chomh maith. Tá siad de dhíth orainn uilig.

Blondie: (*téann sé*)

Aintín: A Alan. Déan rud éigin. Seas suas. Cuir scairt ar otharcharr.

Alan: Shíl mé ...

- Aintín:** Tá do bhean ina luí ar an urlár anseo. Níl a fhios againn ar bhuail taom croí í.
- Alan:** Shíl mé go raibh lá mo thrioblóidí thart. Ach bhí siad anseo liom an t-am ar fad.
- Aintín:** A Nicola, dúisigh. Le do thoil.
- Blondie:** *(tuíslíonn sé ar ais, buidéal cumharshalainn ina láimh aige)*
- Alan:** Cad é atá cearr?
- Blondie:** *(Análaíonn sé an salann isteach. Critheann sé amhail is dá mbeadh pianta aige agus dúisíonn ar nós gránna)*Tá sí sínte marbh.
- Alan:** Cad é?
- Blondie:** Tá mo ghrá — tá d'iníon sínte marbh. D'ól sí an buidéal tuartha a bhí aici leis an teach a ghlanadh —
- Alan:** *(ina liathróid ar an urlár)*Mo thubaiste. Dia dom' shábháil.
- Blondie:** *(ag amharc ar an urlár)* Leis an teach a ghlanadh faoi bhur gcoinne.
- Aintín:** A Íosa.
- Blondie:** Bhí a fhios aici nuair a d'imigh sí. Ach ní cuimhin liom cad é a dúirt sí anois. Ní raibh me ag éisteacht. Bhí mé ag iarraidh ... rud éigin eile a rá léi.
- Alan:** Mo thubaiste.
- Blondie:** Rinne tusa é. Rinne tusa é.
- Alan:** Ní dhearna.
- Blondie:** *(ritheann sé isteach sa chistin)*

Aintín: A Blondie, ná déan rud ar bith seafóideach!

Blondie: *(tagann sé ar ais le pota anlainn a ardaíonn sé os a chionn)*

Alan: A mhic. Is mise d'athair.

Blondie: Agus athair Fhionnghuala.

Alan: Ná déan é. Tabhair maithiúnas domh *(tosaíonn sé a ghol agus tiontaíonn óna mhac).*

Blondie: *(ardaíonn sé an pota thar a athair agus doirteann an t-anlann thar a chloigeann)*

(titeann an brat)